AN tAONTAS EORPACH

PARLAIMINT NA hEORPA | AN CHOMHAIRLE

**An Bhruiséil, 24 Bealtaine 2019**
**(OR. en)**

**2018/0143 (COD)** | **PE-CONS 60/19**

**CLIMA 61**
**ENV 170**
**TRANS 123**
**MI 184**
**CODEC 497**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ d'fheithiclí nua tromshaothair agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 595/2009 agus (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 96/53/CE ón gComhairle |

**RIALACHÁN (AE) 2019/...**
**Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ d'fheithiclí nua tromshaothair agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 595/2009 agus (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 96/53/CE ón gComhairle**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[2],

---

[1] IO C 62, 15.2.2019, lch. 286.
[2] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 18 Aibreán 2019 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an ….

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gComhaontú Pháras leagtar amach, *inter alia*, sprioc fhadtéarmach i gcomhréir leis an gcuspóir an méadú ar an meánteocht dhomhanda a choimeád go mór faoi bhun 2 C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch agus leanúint de na hiarrachtaí é a choimeád faoi bhun 1.5 °C. Deimhnítear drochthionchair an athraithe aeráide go neamh-dhéchiallach sna torthaí eolaíocha is déanaí a thuairiscigh an Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) ina thuarascáil speisialta ar na tionchair a ghabhann le téamh domhanda atá 1,5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch agus faoi na conairí laghdaithe gaolmhara maidir le hastaíochtaí domhanda na ngás ceaptha teasa. Is é conclúid na tuarascála speisialta sin ná go bhfuil géarghá le laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí i ngach earnáil chun teorainn a chur leis an athrú aeráide.

(2) Chun rannchuidiú le cuspóirí Chomhaontú Pháras, is gá dlús a chur le claochlú na hearnála iompair ar fad i dtreo astaíochtaí nialasacha, i bhfianaise theachtaireacht ón gCoimisiún an 28 Samhain 2018 dar teideal "A Clean Planet for all – a European strategic long-term vision for a prosperous, modern, competitive and climate neutral economy" ["Pláinéad Glan do Chách – fís straitéiseach fhadtéarmach Eorpach ar mhaithe le geilleagar rachmasach, nua-aimseartha, iomaíoch atá neodrach ó thaobh na haeráide de"], ina dtugtar achoimre ar an bhfís is gá ar mhaithe le claochluithe eacnamaíocha agus sochaíocha, ina bhfuil gach earnáil sa gheilleagar agus sa tsochaí rannpháirteach, chun an t-aistriú chuig glan-astaíochtaí nialasacha gás ceaptha teasa a bhaint amach faoi 2050. Ina theannta sin, ní mór astaíochtaí truailleán aeir ón earnáil iompair a dhéanann dochar suntasach dár sláinte agus don chomhshaol a laghdú go mór gan mhoill.

(3) Ghlac an Coimisiún pacáistí soghluaisteachta an 31 Bealtaine 2017 ('Europe on the Move: An agenda for a socially fair transition towards clean, competitive and connected mobility for all' ["An Eoraip ag Gluaiseacht: Clár le haghaidh aistriú atá cothrom go sóisialta i dtreo soghluaisteacht ghlan iomaíoch nasctha"]) agus 8 Samhain 2017 ('Delivering on low-emission mobility - A European Union that protects the planet, empowers its consumers and defends its industry and workers' ["Soghluaisteacht íseal-astaíochtaí a chur chun feidhme: Aontas Eorpach a chosnaíonn an domhain, a thugann cumhacht dá thomhaltóirí agus a chosnaíonn a thionscal agus a oibrithe"]). Leagtar amach clár oibre dearfach sna pacáistí sin agus dírítear freisin ar aistriú rianúil i dtreo soghluaisteacht ghlan iomaíoch nasctha do chách a áirithiú.

(4) Is cuid de tríú pacáiste soghluaisteachta ón gCoimisiún an 17 Bealtaine 2018 dar teideal 'Europe on the Move - Sustainable Mobility for Europe: safe, connected and clean' ['An Eoraip ag Gluaiseacht - Soghluaisteacht Inbhuanaithe don Eoraip: slán, nasctha agus glan'] an Rialachán seo, ar cuid é den obair a lean teachtaireacht ón gCoimisiún an 13 Meán Fómhair 2017 dar teideal 'Investing in a smart, innovative and sustainable Industry: A renewed EU Industrial Policy Strategy' ['Infheistíocht a dhéanamh ar mhaithe le tionscal cliste, nuálach, inbhuanaithe: Straitéis athnuaite Beartais Tionsclaíochta AE']. Tá an Rialachán seo ceaptha freisin an próiseas a chríochnú chun cur ar chumas an Aontais lántairbhe a bhaint as nuachóiriú agus dícharbónú na soghluaisteachta. Is é is aidhm don tríú pacáiste sin an tsoghluaisteacht san Eoraip a dhéanamh níos sábháilte agus níos inrochtana, an tionscal san Eoraip a dhéanamh níos iomaíche, na poist san Eoraip a dhéanamh níos sábháilte, agus an córas soghluaisteachta a dhéanamh níos glaine agus níos oiriúnaí chun dul i ngleic leis an athrú aeráide. Teastóidh leis sin tiomantas iomlán ó thaobh an Aontais, ó thaobh na mBallstát agus na ngeallsealbhóirí de, go háirithe má táthar chun cur leis na hiarrachtaí astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ($CO_2$) agus truailliú aeir a laghdú.

(5) Leis an Rialachán seo, chomh maith le Rialachán (AE) 2019/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1+], réitítear an bealach le haghaidh laghduithe ar astaíochtaí $CO_2$ i gcás na hearnála iompair de bhóthar agus cuidíonn sé an sprioc cheangailteach a bhaint amach maidir le laghdú 40 % ar a laghad a bhaint amach i dtaca le hastaíochtaí gás ceaptha teasa intíre ar fud an gheilleagair faoi 2030, i gcomparáid le 1990, faoi mar a formhuiníodh i gConclúidí na Comhairle Eorpaí an 23-24 Deireadh Fómhair 2014, agus arna fhormheas ag an gComhairle an 6 Márta 2015 mar "Rannchuidiú Beartaithe an Aontais arna Chinneadh go Náisiúnta faoi Chomhaontú Pháras".

(6) Formhuiníodh i gconclúidí ón gComhairle Eorpach an 23-24 Deireadh Fómhair 2014, laghdú 30 % ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030 i gcomparáid le 2005 do na hearnálacha nach cuid de chóras trádála astaíochtaí an Aontais iad. Is iad astaíochtaí gás ceaptha teasa ón earnáil iompair de bhóthar is cúis le cuid mhór d'astaíochtaí na n-earnálacha sin. Bhí an earnáil iompair de bhóthar freagrach as tuairim is ceathrú cuid d'astaíochtaí iomlána an Aontais in 2016. Tá astaíochtaí na hearnála sin ag méadú, agus tá siad i bhfad os cionn leibhéil 1990 go fóill. Má thagann méadú breise ar astaíochtaí ó iompar de bhóthar, déanfaidh siad na laghduithe ar astaíochtaí atá déanta in earnálacha eile chun an t-athrú aeráide a chomhrac a chur ar ceal.

---

1 Rialachán (AE) 2019/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an … lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 443/2009 agus (AE) Uimh. 510/2011 (IO L , ...,..., lch.).

+ Nóta do IO: Cuirtear isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad 2017/0293 (COD) - pe 6/19, agus comhlánaigh an fonóta comhfhreagrach.

(7) Leagadh béim sna conclúidí ón gComhairle Eorpach an 23-24 Deireadh Fómhair 2014 ar an tábhacht a bhaineann le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus na rioscaí a bhaineann le bheith spleách ar bhreosla iontaise in earnáil an iompair a laghdú trí bhíthin cur chuige cuimsitheach atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de chun an laghdú ar astaíochtaí agus an éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn in earnáil an iompair, le haghaidh iompar leictreach agus foinsí in-athnuaite fuinnimh in earnáil an iompair freisin tar éis 2020.

(8) Chun fuinneamh atá slán, inbhuanaithe, iomaíoch agus inacmhainne a chur ar fáil do thomhaltóirí san Aontas, tá rannchuidiú na héifeachtúlachta fuinnimh leis an éileamh a mhaolú ar cheann de na cúig ghné a leagtar amach i dteachtaireacht ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2015 dar teideal "A Framework Strategy for a Resilient Energy Union with a Forward-Looking Climate Change Policy " ["Creatstraitéis maidir le hAontas Fuinnimh Buanseasmhach maille le Beartas Réamhbhreathnaitheach don Athrú Aeráide"], ar gnéithe iad a bhfuil dlúthbhaint acu le chéile agus a neartaíonn a chéile. Luaitear sa teachtaireacht sin, cé gur gá bearta a dhéanamh sna hearnálacha eacnamaíocha ar fad chun éifeachtúlacht an ídithe fuinnimh sna hearnálacha sin a mhéadú, go bhfuil cumas ollmhór san earnáil iompair ó thaobh éifeachtúlacht fuinnimh de.

(9) Is iad astaíochtaí $CO_2$ ó fheithiclí tromshaothair, lena n-áirítear leoraithe, busanna agus cóistí, is cúis le thart ar 6 % de na hastaíochtaí $CO_2$ san Aontas ina n-iomláine agus thart ar 25 % de na hastaíochtaí $CO_2$ ó iompar de bhóthar ina n-iomláine. Mura ndéantar aon bheart ina leith sin, meastar go dtiocfaidh méadú thart ar 9 % ar an sciar d'astaíochtaí $CO_2$ ó fheithiclí tromshaothair idir 2010 agus 2030. Faoi láthair, ní leagtar síos le dlí an Aontais aon cheanglais maidir le laghdú ar astaíochtaí $CO_2$ d'fheithiclí tromshaothair, agus mar sin, beidh gá le bearta sonracha d'fheithiclí den sórt sin gan mhoill.

(10) Ba cheart, dá bhrí sin, spriocanna maidir le laghdú ar astaíochtaí $CO_2$ a shocrú do 2025 agus 2030 le haghaidh flíteanna feithiclí nua tromshaothair ar fud an Aontais, agus an t-am is gá chun an flít feithiclí a athnuachan agus an gá don earnáil iompair de bhóthar rannchuidiú le spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais a bhaint amach do2030 agus ina dhiaidh sin á chur san áireamh. Comhartha luath agus soiléir is ea an cur chuige céim ar chéim sin freisin don tionscal dlús a chur le teicneolaíocht atá éifeachtúil ó thaobh an fhuinnimh de agus feithiclí tromshaothair astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha a thabhairt isteach ar an margadh. Ba cheart gur rannchuidiú é feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha a imlonnú chun dul i ngleic le fadhbanna soghluaisteachta uirbeacha. Cé go bhfuil sé riachtanach chun astaíochtaí $CO_2$ a laghdú san earnáil iompair de bhóthar, tá cur chun cinn feithiclí tromshaothair den sórt sin ag monaróirí tábhachtach freisin le haghaidh laghdú iarbhír ar thruailleáin aeir agus ar leibhéil torainn iomarcacha i gcathracha agus i limistéir uirbeacha.

(11) Chun an cumas ó thaobh éifeachtúlacht fuinnimh de a bhaint amach ina iomláine agus chun a áirithiú go rannchuidíonn an earnáil iompair de bhóthar ina hiomláine leis an laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a aontaíodh a bhaint amach, is iomchuí na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ atá i bhfeidhm cheana féin i dtaca le gluaisteáin nua paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma nua a chomhlánú trí chaighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ i dtaca le feithiclí nua tromshaothair a leagan síos. A bhuí leis na caighdeáin feidhmíochta sin, spreagfar an nuálaíocht i dteicneolaíochtaí lena gcuirfear an éifeachtúlacht bhreosla chun cinn, rud a chuirfidh le ceannaireacht theicneolaíoch mhonaróirí agus sholáthraithe an Aontais, agus le cruthú post ardoilte san fhadtéarma.

(12) Ag cur san áireamh gur fadhb thrasteorann é an t-athrú aeráide agus gur gá margadh aonair dea-fheidhmiúil a chosaint do sheirbhísí iompair de bhóthar agus, ina theannta sin, d'fheithiclí tromshaothair agus ilroinnt ar an margadh a sheachaint ag an am céanna, is iomchuí caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ i dtaca le feithiclí tromshaothair a leagan síos ar leibhéal an Aontais. Ba cheart na caighdeáin feidhmíochta sin a bheith gan dochar do dhlí iomaíochta an Aontais.

(13) Agus na leibhéil laghdúcháin i dtaobh astaíochtaí $CO_2$ á sainiú ba cheart do fhlít feithiclí tromshaothair an Aontais a bhaint amach, ba cheart go gcuirfí san áireamh éifeachtacht na leibhéal laghdúcháin sin chun cuidiú ar bhealach costéifeachtach astaíochtaí $CO_2$ na n-earnálacha arna gcumhdach le Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] a laghdú faoi 2030, na costais agus na coigiltis a bheadh ann don tsochaí, do mhonaróirí, d'oibreoirí iompair agus do thomhaltóirí agus, ina theannta sin, na himpleachtaí díreacha agus indíreacha a bheadh ag na leibhéil laghdúcháin sin don fhostaíocht, don nuálaíocht agus don na tairbhí indíreacha arna nginiúint i dtéarmaí truailliú aeir a laghdú agus slándáil an tsoláthair fuinnimh a fheabhsú.

---

1 Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide chun na gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 (IO L 156, 19.6.2018. lch. 26).

(14) Ba cheart aistriú chuig soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha, arb aistriú é a bheidh inghlactha go sóisialta agus cóir, a áirithiú. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go gcuirfí san áireamh éifeachtaí sóisialta an aistrithe ar fud an tslabhra luacha ar fad sa tionscal mótarfheithiclí agus go dtabharfaí aghaidh ghníomhach ar na himpleachtaí fostaíochta. Ba cheart féachaint ar chláir spriocdhírithe, dá bhrí sin, ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach le haghaidh athsciliú, uas-sciliú agus ath-imlonnú oibrithe, mar aon le tionscnaimh oideachais agus cuardaithe poist i bpobail agus réigiúin atá thíos leis an aistriú, ar tionscnaimh iad a reáchtálfar i ndlúth-idirphlé leis na comhpháirtithe sóisialta agus na húdaráis inniúla. Mar chuid den aistriú sin, ba cheart fostaíocht na mban mar aon le comhionannas deiseanna san earnáil sin a neartú.

(15) Chun go mbeidh rath ar an aistriú chuig soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha is gá cur chuige comhtháite agus an timpeallacht cheart chumasúcháin chun an nuálaíocht a spreagadh agus chun go leanfaidh an tAontas de bheith ina cheannaire teicneolaíochta san earnáil iompair de bhóthar. Áirítear leis sin infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha sa taighde agus sa nuálaíocht, méadú ar sholáthar na bhfeithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha agus ísle, leathadh amach an bhonneagair athluchtaithe agus athbhreoslaithe, an comhtháthú leis na córais fuinnimh, mar aon le soláthar inbhuanaithe ábhar le haghaidh ceallraí san Eoraip agus táirgeadh inbhuanaithe ceallraí, agus athúsáid agus athchúrsáil ceallraí san Eoraip. Is gá gníomhaíocht chomhleanúnach ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil chuige sin, lena n-áirítear trí dhreasachtaí chun tacú le glacadh feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha agus ísle.

(16) Tugadh isteach nós imeachta nua chun astaíochtaí $CO_2$ agus ídiú breosla feithiclí tromshaothair ar leith a chinneadh mar chuid de Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] a chur chun feidhme. Le Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún[2], déantar foráil maidir le modheolaíocht, bunaithe ar an uirlis ríofa um ídiú fuinnimh feithicle (VECTO), lenar féidir astaíochtaí $CO_2$ agus ídiú breosla fhlít iomlán na bhfeithiclí tromshaothair a ionsamhlú. Leis an modheolaíocht sin, féadtar éagsúlacht na hearnála feithiclí tromshaothair agus ardleibhéal oiriúnaithe feithiclí tromshaothair ar leith a chur san áireamh. Ar dtús, ón 1 Iúil 2019, déanfar astaíochtaí $CO_2$ a chinneadh do cheithre ghrúpa feithiclí tromshaothair arb iad is cúis le thart ar 65 % go 70 % d'astaíochtaí uile $CO_2$ ó fhlít feithiclí tromshaothair an Aontais.

(17) I bhfianaise na nuálaíochta agus chun cur chun feidhme teicneolaíochtaí nua lena gcuirtear feabhas ar éifeachtúlacht breosla feithiclí tromshaothair a chur san áireamh, déanfar uirlis ionsamhlúcháin VECTO agus Rialachán (AE) 2017/2400 a nuashonrú ar bhonn leanúnach agus go tráthrialta.

---

1 Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 maidir le mótarfheithiclí agus innill a chineál-cheadú i leith astaíochtaí ó fheithiclí tromshaothair (Euro VI) agus maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi fheithiclí a dheisiú agus a chothabháil agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 agus Treoir 2007/46/EC agus lena n-aisghairtear Treoir 80/1269/CEE, Treoir 2005/55/CE agus Treoir 2005/78/CE (IO L 188, 18.7.2009, lch. 1).

2 Rialachán (CE) 2017/2400 ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2017 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (EC) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cinneadh a dhéanamh ar astaíochtaí $CO_2$ agus ar ídiú breosla feithiclí tromshaothair agus lena leasaítear Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 ón gCoimisiún (IO L 349, 29.12.2017, lch. 1).

(18) Is faoi Rialachán (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] a dhéanfar faireachán ar na sonraí i leith astaíochtaí $CO_2$ arna gcinneadh de bhun Rialachán (AE) 2017/2400. Ba cheart na sonraí sin a bheith mar bhonn chun a chinneadh cad iad na spriocanna maidir le laghdú ar astaíochtaí $CO_2$ atá le baint amach ag na ceithre ghrúpa de na feithiclí tromshaothair is mó astaíochtaí san Aontas agus, lena chois sin, chun meánastaíochtaí sonracha monaróra i dtréimhse tuairiscithe ar leith a chinneadh.

(19) Ba cheart sprioc maidir le laghdú ar astaíochtaí $CO_2$ a shocrú do 2025 a bheadh ina laghdú coibhneasta bunaithe ar mheánastaíochtaí $CO_2$ de chuid na bhfeithiclí tromshaothair sin a nuachláraíodh le linn na tréimhse ón 1 Iúil go dtí an 30 Meitheamh 2020, lena léirítear imlonnú gnáthfheithiclí teicneolaíochtaí costéifeachtacha ar féidir teacht orthu go héasca. Ba cheart sprioc maidir le laghdú ar astaíochtaí $CO_2$ a shocrú don bhliain 2030 ar aghaidh. Ba cheart feidhm a bheith ag an sprioc sin mura gcinnfear a mhalairt de bhun an athbhreithnithe atá le déanamh in 2022. Is i gcomhréir le gealltanais an Aontais Eorpaigh faoi Chomhaontú Pháras ba cheart measúnú ar sprioc 2030 a dhéanamh.

(20) Chun stóinseacht na n-astaíochtaí tagartha $CO_2$ i leith astaíochtaí $CO_2$ méadaithe feithiclí tromshaothair a áirithiú, trí bhíthin nós imeachta míchuí, nach léireodh cás ina bhfuil na hastaíochtaí $CO_2$ faoi rialáil cheana féin, is iomchuí modheolaíocht ceartúcháin chun na hastaíochtaí tagartha $CO_2$ a chur ar fáil.

---

1 Rialachán (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Meitheamh 2018 maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí $CO_2$ agus ídiú breosla feithiclí nua tromshaothair (IO L 173, 9.7.2018, lch. 1).

(21) Breosla malartach atá ar fáil d'fheithiclí tromshaothair is ea an gás nádúrtha leachtaithe (GNL) in áit díosail. De bhíthin teicneolaíochtaí níos nuálaí atá ann cheana nó atá ag teacht chun cinn i réimse GNL a bheith á n-imlonnú, rannchuideofar le spriocanna i leith laghduithe ar astaíochtaí $CO_2$ a bhaint amach sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma toisc gurb ísle astaíochtaí $CO_2$ de thoradh theicneolaíochtaí GNL a bheith á n-úsáid i gcomparáid le feithiclí díosail. Léirítear go cuimsitheach in VECTO cheana féin, an cumas atá ag feithiclí GNL astaíochtaí $CO_2$ a laghdú. Ina theannta sin, agus a bhuí sin le teicneolaíochtaí GNL, áirithítear go mbeidh leibhéal íseal astaíochtaí truailleán aeir ann, amhail astaíochtaí $NO_x$ agus astaíochtaí ábhair cháithnínigh. Tá bonneagar athbhreoslaithe leordhóthanach íosta ann freisin agus tá tuilleadh imlonnaithe á dhéanamh air mar chuid de chreataí beartais náisiúnta le haghaidh bonneagar breoslaí malartacha.

(22) Nuair a bheidh astaíochtaí tagartha $CO_2$ á ríomh, arb astaíochtaí iad a úsáidfear mar bhunús chun spriocanna 2025 agus 2030 i leith astaíochtaí sonracha $CO_2$ a shocrú, ba cheart an cumas laghdúcháin maidir le hastaíochtaí $CO_2$ a bhfuiltear ag súil leis ón bhflít feithiclí tromshaothair a chur san áireamh. Is iomchuí, dá bharr sin, feithiclí seirbhíse, amhail feithiclí bailithe bruscair nó feithiclí láithreáin tógála, a eisiamh ón ríomh sin. Bíonn míleáiste réasúnta íseal ag na feithiclí sin, agus i ngeall ar a bpatrún tiomána sonrach, dealraíonn sé nach bhfuil bearta teicniúla atá ceaptha astaíochtaí $CO_2$ agus ídiú breosla a laghdú costéifeachtach sa dóigh chéanna agus atá siad i gcás feithiclí tromshaothair a úsáidtear chun earraí a sheachadadh.

(23) Ba cheart na ceanglais maidir le laghdú ar astaíochtaí $CO_2$ a shloinneadh i ngraim $CO_2$ in aghaidh tona-ciliméadar chun fóntas na bhfeithiclí tromshaothair a léiriú.

(24) Ní mór a áirithiú go leithdháilfear go cothrom na ceanglais fhoriomlána maidir le laghdú ar astaíochtaí $CO_2$ ar na monaróirí, agus an éagsúlacht a bhaineann le feithiclí tromshaothair ó thaobh a ndeartha agus a bpatrúin tiomána de, agus a míleáiste bliantúil, pálasta agus cumraíocht leantóra á gcur san áireamh. Is iomchuí, dá bhrí sin, dealú a dhéanamh idir feithiclí tromshaothair de réir foghrúpaí feithicle difriúla agus ar leith lena léirítear gnáthphatrún úsáide na bhfeithiclí agus a n-airíonna teicniúla sonracha. Trí spriocanna bliantúla i leith astaíochtaí sonracha $CO_2$ a shocrú do mhonaróirí a chomhfhreagraíonn do mheán ualaithe na spriocanna a shainítear do gach ceann de na foghrúpaí sin, tugtar freisin an deis do mhonaróirí cothromaíocht a bhaint amach ar bhealach éifeachtach idir feithiclí i bhfoghrúpaí áirithe nach n-éiríonn leo na spriocanna a bhaint amach agus feithiclí i bhfoghrúpaí eile a sháraíonn na spriocanna, agus meánastaíochtaí $CO_2$ na bhfeithiclí sna foghrúpaí difriúla le linn a saolré á gcur san aíreamh.

(25) Is ar bhonn a mheánastaíochtaí $CO_2$ ba cheart a mheas an bhfuil ag éirí le monaróir a spriocanna bliantúla i leith astaíochtaí sonracha $CO_2$ a chomhlíonadh. Chun na meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ a shocrú, ba cheart na sonraíochtaí a léirítear sna foghrúpaí feithiclí éagsúla a mheas chomh maith. Mar thoradh air sin, ba cheart na meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ atá ag monaróir a bheith bunaithe ar na meánastaíochtaí $CO_2$ a chinntear do gach foghrúpa feithiclí, lena n-áirítear ualú atá bunaithe ar an meánmhíleáiste bliantúil agus ar an meán-phálasta atá toimhdithe maidir leis na foghrúpaí sin, lena léirítear astaíochtaí iomlána $CO_2$ le linn na saolré iomláine. De bharr cumas teoranta feithiclí seirbhíse maidir le hastaíochtaí $CO_2$, níor cheart na feithiclí sin a chur san áireamh chun meánastaíochtaí sonracha a ríomh.

(26) Chun aistriú rianúil chuig soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha a áirithiú agus chun dreasachtaí a sholáthar chun feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha agus feithiclí tromshaothair astaíochtaí ísle a fhorbairt agus a imlonnú ar mhargadh an Aontais a chomhlánódh ionstraimí a imríonn tionchar ar an éileamh, amhail Treoir 2009/33/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], ba cheart sásra tiomnaithe i bhfoirm sár-chreidmheasanna a thabhairt isteach le haghaidh na dtréimhsí tuairiscithe roimh 2025 agus ba cheart tagarmharc do sciar na bhfeithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha agus ísle i bhflít monaróra a shocrú do na treimhsí tuairiscithe ó 2025 ar aghaidh.

(27) Ba cheart an córas dreasachta a dhearadh chun cinnteacht infheistíochta do sholáthraithe agus monaróirí bonneagair luchtaithe a áirithiú chun imlonnú gasta ar mhargadh an Aontais d'fheithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha agus ísle a chur chun cinn, agus solúbthacht áirithe á ceadú san am céanna do mhonaróirí a n-amlíne infheistíochta a chinneadh.

(28) Chun críche meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ monaróra a ríomh, sna tréimhsí tuairiscithe roimh 2025, ba cheart feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha uile agus feithiclí tromshaothair astaíochtaí ísle uile a chomhaireamh níos mó ná uair amháin. Do na treimhsí tuairiscithe ó 2025 ar aghaidh, ba cheart meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ monaróra a ríomh agus a fheidhmiú i gcomparáid le tagarmharc na bhfeithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha agus ísle á chur san áireamh. Ba cheart an leibhéal dreasachtaí a athrú ag brath ar astaíochtaí iarbhír $CO_2$ na feithicle. Chun a áirithiú nach ndéanfaí cuspóirí comhshaoil a lagú, ba cheart an laghdú a dhéanfaí dá bharr ar astaíochtaí $CO_2$ a bheith faoi réir uasteorann.

---

[1] Treoir 2009/33/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le feithiclí iompair ar an mbóthar atá glan agus éifeachtúil ó thaobh an fhuinnimh de a chur chun cinn (IO L 120, 15.5.2009, lch. 5).

(29) Níor cheart feithiclí tromshaothair astaíochtaí ísle a dhreasú ach amháin i gcás inar lú a n-astaíochtaí $CO_2$ ná leath d'astaíochtaí tagartha $CO_2$ na bhfeithiclí ar fad san fhoghrúpa feithiclí lena mbaineann an fheithicil tromshaothair. Thabharfadh sé sin spreagadh don nuálaíocht sa réimse sin.

(30) Agus an sásra dreasachta á cheapadh le haghaidh feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha a imlonnú, ba cheart leoraithe beaga nach bhfuil faoi réir spriocanna i leith laghduithe ar astaíochtaí $CO_2$ faoin Rialachán seo a áireamh freisin. Ina theannta sin, baineann tairbhí móra leis na feithiclí sin ó thaobh aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna truaillithe aeir i gcathracha. Chun a áirithiú go mbeidh cothromaíocht mhaith ann idir na cineálacha difriúla feithicle ó thaobh dreasachtaí de, ba cheart an laghdú ar mheánastaíochtaí sonracha $CO_2$ monaróra, de thoradh leoraithe beaga astaíochtaí nialasacha a bheith faoi réir uasteorann freisin.

(31) Chun cur chun feidhme costéifeachtach na gceanglas maidir le laghdú ar astaíochtaí $CO_2$ a chur chun cinn, agus na hathruithe ar chomhdhéanamh fhlít na bhfeithiclí tromshaothair agus ar na hastaíochtaí $CO_2$ le himeacht na mblianta á gcur san áireamh, ba cheart an deis a bheith ag monaróirí cothromaíocht a bhaint amach idir an bhliain ina sáraíonn siad an sprioc i leith astaíochtaí sonracha $CO_2$ is gá dóibh a chomhlíonadh agus an bhliain nach n-éiríonn leo an sprioc sin a chomhlíonadh.

(32) Chun laghduithe luatha ar astaíochtaí $CO_2$ a dhreasú, monaróir, ar lú a mheánastaíochtaí sonracha $CO_2$ ná an chonair laghduithe astaíochtaí $CO_2$ a shainítear trí bhíthin na n-astaíochtaí tagartha $CO_2$ agus sprioc 2025 maidir le hastaíochtaí $CO_2$, ba cheart go mbeadh sé in ann na creidmheasanna astaíochtaí sin a shábháil chun críche an sprioc a chomhlíonadh in 2025. Ar an dóigh chéanna, monaróir, ar lú a mheánastaíochtaí sonracha $CO_2$ ná an chonair laghduithe astaíochtaí $CO_2$ idir sprioc 2025 agus an sprioc is infheidhme ó 2030 ar aghaidh, ba cheart go mbeadh sé in ann na creidmheasanna astaíochtaí sin a shábháil chun críche na spriocanna maidir le hastaíochtaí $CO_2$ a chomhlíonadh ón 1 Iúil 2025 go dtí 30 Meitheamh 2030.

(33) I gcás neamhchomhlíonadh a sprice i leith astaíochtaí sonracha $CO_2$ in aon cheann de na tréimhsí tuairiscithe dhá mhí dhéag dar tús 1 Iúil 2025 go dtí an 30 Meitheamh 2030, ba cheart an deis a bheith ag an monaróir fiach astaíochta teoranta a fháil. Mar sin féin, ba cheart do mhonaróirí aon fhiach astaíochta atá fós ann i dtréimhse tuairiscithe na bliana 2029 dar críoch 30 Meitheamh 2030 a ghlanadh.

(34) Níor cheart féachaint ar chreidmheasanna astaíochta agus fiacha astaíochta ach amháin chun críche cinneadh a dhéanamh an bhfuil ag éirí le monaróir a sprioc i leith astaíochtaí sonracha $CO_2$ a chomhlíonadh agus ní mar shócmhainní atá inaistrithe nó faoi réir bearta fioscacha.

(35) Ba cheart don Choimisiún pionós airgeadais a fhorchur, i bhfoirm préimhe astaíochtaí $CO_2$ iomarcacha, i gcás inar léir go bhfuil astaíochtaí iomarcacha ag monaróir, agus creidmheasanna astaíochta agus fiacha astaíochta á gcur san áireamh. Ba cheart go gcuirfí faisnéis faoi astaíochtaí $CO_2$ iomarcacha monaróirí ar fáil go poiblí. Chun dreasacht leordhóthanach a thabhairt do mhonaróirí chun bearta a ghlacadh lena laghdófar astaíochtaí sonracha $CO_2$ ó fheithiclí tromshaothair, tá sé tábhachtach go mbeadh an phréimh níos mó ná meánchostais imeallacha na dteicneolaíochtaí is gá chun na spriocanna maidir le hastaíochtaí $CO_2$ a bhaint amach. Ba cheart an mhodheolaíocht i dtaca le bailiú préimheanna a shocrú trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, agus an mhodheolaíocht arna glacadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] á cur san áireamh. Maidir leis an bpréimh, ba cheart go measfaí gur ioncam le haghaidh bhuiséad ginearálta an Aontais í. Mar chuid den mheasúnú atá le déanamh de bhun Rialachán (AE) 2019/...[+], ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh arbh fhéidir na méideanna sin a leithdháileadh ar chiste sonrach nó ar chlár ábhartha a bhfuil sé mar aidhm leis aistriú cothrom i dtreo soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha a áirithiú agus tacú le hathsciliú agus uas-sciliú na n-oibrithe san earnáil mótarfheithiclí agus le hoiliúint na n-oibrithe sin i scileanna eile.

1 Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí do ghluaisteáin nua paisinéirí mar chuid de chur chuige comhtháite an Chomhphobail chun astaíochtaí $CO_2$ ó fheithiclí saothair éadroim a laghdú (IO L 140, 5.6.2009, lch. 1).

\+ Nóta do IO: Cuirtear isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad 2017/0293 (COD) - pe 6/19.

(36) Is gá sásra láidir um chomhlíonadh chun a áirithiú go gcomhlíonfar na spriocanna maidir le hastaíochtaí $CO_2$ faoin Rialachán seo. I ngeall ar an oibleagáid ar mhonaróirí de bhun Rialachán (AE) Uimh. 2018/956 sonraí atá cruinn a chur ar fáil agus na fíneálacha riaracháin a fhéadfar a fhorchur sa chás nach gcomhlíonfar an oibleagáid sin, déantar deimhin de go mbainfear úsáid as sonraí stóinseacha chun a áirithiú go gcomhlíontar na spriocanna faoin Rialachán seo.

(37) Chun laghduithe ar astaíochtaí $CO_2$ a bhaint amach de bhun an Rialacháin seo, ba cheart astaíochtaí $CO_2$ feithiclí tromshaothair atá in úsáid a bheith i gcomhréir leis na luachanna arna socrú de bhun Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 agus a bhearta cur chun feidhme. Ba cheart an fhéidearthacht a bheith ag an gCoimisiún, dá bhrí sin, aon neamh-chomhlíonadh córasach a aimsíonn na húdaráis cineálcheadaithe maidir le hastaíochtaí $CO_2$ na bhfeithiclí tromshaothair atá in úsáid a chur san áireamh agus é ag ríomh meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ monaróra.

(38) Chun go mbeidh sé inniúil ar na bearta sin a dhéanamh, ba cheart na cumhachtaí a bheith ag an gCoimisiún nós imeachta a ullmhú agus a bhunú chun a fhíorú go bhfuil astaíochtaí $CO_2$ na bhfeithiclí tromshaothair inseirbhíse, arna gcinneadh i gcomhréir le Rialachán (AE) 595/2009, agus a bhearta cur chun feidhme, i gcomhréir leis na luachanna astaíochta $CO_2$ atá taifeadta sna deimhnithe comhréireachta, sna deimhnithe um cheadú aonair nó sna comhaid faisnéise custaiméara. Agus an nós imeacht sin á fhorbairt, ba cheart aird ar leith a dhíriú ar mhodhanna a shainaithint, lena n-áirítear úsáid a bhaint as sonraí ó fheistí infheithicle lena ndéantar faireachán ar ídiú breosla agus/nó fuinnimh, chun teacht ar straitéisí lena gcuirtear feabhas saorga ar fheidhmíocht $CO_2$ feithicle sa nós imeachta deimhniúcháin. I gcás ina n-aimsítear neamhréireachtaí nó straitéisí lena gcuirtear feabhas saorga ar fheidhmíocht $CO_2$ feithicle le linn na bhfíoruithe sin, tá na torthaí sin le meas mar chúiseanna leordhóthanacha a cheapadh gur ann do riosca tromchúiseach neamhchomhlíonta maidir leis na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 agus Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], agus ba cheart do na Ballstáit, ar an mbonn sin, na bearta is gá a dhéanamh de bhun Chaibidil XI de Rialachán (AE) 2018/858.

1 Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú agus faireachas margaidh ar mhótarfheithiclí agus a leantóirí, agus ar chórais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 agus Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE (IO L 151, 14.6.2018, lch. 1).

(39) I bhfírinne, maidir leis na spriocanna i leith astaíochtaí $CO_2$ a leagtar amach sa Rialachán seo, braitheann a n-éifeachtacht go mór ar fhíorionadaíochas na modheolaíochta a úsáidtear chun astaíochtaí $CO_2$ a chinneadh. I gcomhréir leis an Tuairim ón Sásra um Chomhairle Eolaíoch (SAM) i dtaca le feithiclí saothair éadroim, agus an moladh ó Pharlaimint na hEorpa tar éis di tomhais astaíochtaí san earnáil mótarfheithiclí a fhiosrú, is iomchuí freisin i gcás feithiclí tromshaothair sásra a chur i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar fhíorionadaíochas luachanna astaíochtaí $CO_2$ agus ídithe fuinnimh arna gcinneadh de bhun Rialachán (AE) 2017/2400. Is é an bealach is iontaofa chun fíorionadaíochas na luachanna sin a áirithiú ná trí úsáid a bhaint as sonraí ó fheistí infheithicle lena ndéantar faireachán ar ídiú breosla agus/nó fuinnimh. Ba cheart na cumhachtaí a bheith ag an gCoimisiún dá bhrí sin na nósanna imeachta a fhorbairt is gá chun sonraí maidir le hídiú breosla agus fuinnimh, a bhfuil gá leo chun na measúnuithe sin a dhéanamh, a bhailiú agus a phróiseáil agus a áirithiú go mbeidh na sonraí sin ar fáil don phobal, fad a fhoráiltear don chosaint a thugtar d'aon sonraí pearsanta.

(40) Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh sonraí faoi ídiú breosla agus fuinnimh a bheith ina gcuidiú lena áirithiú go mbeidh astaíochtaí $CO_2$ feithiclí arna gcinneadh le huirlis VECTO i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 agus lena bhearta cur chun feidhme ionadaíoch i gcónaí ar fhíorastaíochtaí $CO_2$ le himeacht ama do na monaróirí ar fad agus, go sonrach, ar an gcaoi ar féidir na sonraí sin a úsáid chun faireachán a dhéanamh ar an mbearna idir luachanna astaíochtaí $CO_2$ arna gcinneadh le huirlis VECTO agus fíorastaíochtaí $CO_2$ agus, i gcás inar gá, cosc a chur ar mhéadú na bearna sin.

(41) In 2022, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na gcaighdeán feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ a leagtar síos sa Rialachán seo agus, go háirithe, leibhéal na sprice i leith laghduithe ar astaíochtaí $CO_2$ atá le baint amach faoi 2030 agus tar éis sin, na módúlachtaí ar cheart teacht a bheith orthu chun an sprioc sin a bhaint amach agus, lena chois sin, na spriocanna maidir le laghdú ar astaíochtaí $CO_2$ a shocrú i gcás cineálacha eile feithiclí tromshaothair, amhail leoraithe beaga, feithiclí seirbhíse, busanna, cóistí agus leantóirí. Anuas air sin, ba cheart a chur san áireamh leis an measúnú sin, chun críche an Rialacháin seo agus chun na críche sin amháin, breithnithe ar fheithiclí tromshaothair agus cónaisc feithiclí, agus na meáchain agus toisí is infheidhme i dtaobh iompar náisiúnta á gcur san áireamh, mar shampla, iompar modúlach agus iompar idirmhódach, agus measúnú á dhéanamh ag an am céanna ar ghnéithe slándála agus éifeachtúlachta a d'fhéadfadh a bheith ann, ar éifeachtaí idirmhódacha, comhshaoil, bonneagair agus athphreibe chomh maith le suíomh geografach na mBallstát.

(42) Tá sé tábhachtach go ndéanfaí measúnú ar na hastaíochtaí $CO_2$ ar feadh shaolré na bhfeithiclí tromshaothair ar leibhéal an Aontais. Chuige sin, ba cheart don Choimisiún, tráth nach déanaí ná 2023, meastóireacht a dhéanamh ar an bhféidearthacht modheolaíocht chomhchoiteann de chuid an Aontais a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar na hastaíochtaí $CO_2$ ar feadh shaolré iomlán na bhfeithiclí tromshaothair a chuirtear ar mhargadh an Aontais, agus chun tuairisciú a dhéanamh ar shonraí na n-astaíochtaí sin i rith an ama. Ba cheart don Choimisiún bearta leantacha, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, tograí reachtacha, a ghlacadh.

(43) Chun a áirithiú go bhfanann astaíochtaí sonracha $CO_2$ feithiclí tromshaothair ionadaíoch agus go hiomlán cothrom le dáta, ní mór leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 agus ar a bhearta cur chun feidhme a dhéanann difear do na hastaíochtaí sonracha $CO_2$ sin a léiriú sa Rialachán seo. Chun na críche sin, ba cheart na cumhachtaí a bheith ag an gCoimisiún modheolaíocht a chinneadh lena sainítear feithicil tromshaothair ionadaíoch do gach foghrúpa feithiclí, ar ar a bhonn ba cheart athruithe ar astaíochtaí sonracha $CO_2$ a mheas.

(44) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i ndáil le liosta de shonraí áirithe agus d’fheidhmíocht monaróirí a fhoilsiú.

(45) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i ndáil le feithiclí atá deimhnithe mar fheithiclí seirbhíse a shainaithint agus ceartúcháin a chur i bhfeidhm maidir le meánastaíochtaí sonracha bliantúla $CO_2$ monaróra, le préimheanna astaíochtaí $CO_2$ iomarcacha a bhailiú, le neamhréireachtaí i luachanna astaíochtaí $CO_2$ a thuairisciú agus iad a chur san áireamh agus meánastaíochtaí sonracha bliantúla $CO_2$ á ríomh, le measúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na gcoinníollacha faoinar cinneadh astaíochtaí tagartha $CO_2$ agus na critéir chun a chinneadh an ndearnadh na hastaíochtaí sin a mhéadú go míchuí agus, más amhlaidh go ndearnadh, conas a cheartófar iad, lena áirithiú go gcuirtear paraiméadair áirithe a bhaineann le fíorastaíochtaí $CO_2$ agus ídiú fuinnimh feithiclí tromshaothair ar fáil don Choimisiún, le fíoruithe a dhéanamh go gcomhfhreagraíonn luachanna astaíochtaí $CO_2$ agus luachanna ídithe breosla sna comhaid faisnéise custaiméara d'astaíocht $CO_2$ ó fheithiclí tromshaothair inseirbhíse agus straitéis a bheith ann chun feabhas saorga a chur ar fheidhmíocht na feithicle i dtástálacha a dhéantar nó i ríomhanna a dhéantar, agus le feithicil ionadaíoch amháin nó níos d'fhoghrúpa feithiclí mó a shainiú ar ar a bonn atá coigeartaithe pálasta le cinneadh. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le Rialachán (CE) 595/2009 a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i ndáil le gnéithe áirithe d'fheidhmíocht chomhshaoil feithiclí de chatagóirí $M_2$, $M_3$, $N_2$, $N_3$, $O_3$ agus $O_4$. Ba cheart na cumhachtaí cur chun feidhme dá dtagraítear san aithris seo a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].

[1] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(46) Chun eilimintí neamhriachtanacha fhorálacha an Rialacháin seo a leasú nó a fhorlíonadh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis na hastaíochtaí tagartha $CO_2$ a choigeartú, i dtaca leis na treoirphrionsabail agus treoirchritéir a leagan amach chun na nósanna imeachta a shainiú chun astaíochtaí $CO_2$ feithiclí tromshaothair inseirbhíse a fhíorú agus i dtaca leis na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú maidir le paraiméadair theicniúla áirithe, lena n-airítear ualuithe na bpróifílí misin, na luachanna pálasta, na luachanna an mhíleáiste bhliantúil agus na fachtóirí coigeartaithe pálasta. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[1]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, ba cheart do Pharlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile a fháil ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus ba cheart rochtain chórasach a bheith ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

[1] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

(47) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ ó fheithiclí nua tromshaothair a ghnóthú go leordhóthanach ach agus, de bharr a fhairsinge agus a éifeachtaí, gur fearr is féidir iad a ghnóthú níos fearr ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

(48) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialacháin (CE) Uimh. 595/2009 agus (AE) 2018/956 agus Treoir 96/53/CE ón gComhairle[1] a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

[1] Treoir 96/53/CE ón gComhairle an 25 Iúil 1996 lena leagtar síos toisí údaraithe uasta sa trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus meáchan údaraithe uasta sa trácht idirnáisiúnta le haghaidh feithiclí bóthair áirithe ag gluaiseacht laistigh den Chomhphobal (IO L 235, 17.9.1996, lch. 59).

*Airteagal 1*

*Ábhar agus cuspóir*

Chun cur le sprioc an Aontais a bhaint amach maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais a laghdú 30 % faoi bhun leibhéil na bliana 2005 in 2030 sna hearnálacha sin a chumhdaítear le hAirteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 2018/842 agus le cuspóirí Chomhaontú Pháras a bhaint amach agus chun dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú, leagtar síos leis an Rialachán seo ceanglais feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ i dtaca le feithiclí nua tromshaothair lena ndéanfar astaíochtaí sonracha $CO_2$ ó fhlít feithiclí tromshaothair an Aontais a laghdú i gcomparáid le hastaíochtaí tagartha $CO_2$ mar a leanas:

(a) 15 % do thréimhsí tuairiscithe na bliana 2025 amach;

(b) 30 % do thréimhsí tuairiscithe na bliana 2030 amach, mura gcinnfear a mhalairt de bhun an athbhreithnithe dá dtagraítear in Airteagal 13.

Beidh astaíochtaí tagartha $CO_2$ bunaithe ar na sonraí faireacháin arna dtuairisciú de bhun Rialachán (AE) 2018/956 don tréimhse idir 1 Iúil 2019 agus 30 Meitheamh 2020 (‘an tréimhse thagartha’), ach gan feithiclí seirbhíse san áireamh, agus déanfar iad a ríomh i gcomhréir le pointe 3 d’Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

*Raon feidhme*

1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le feithiclí nua tromshaothair de chatagóirí $N_2$ agus $N_3$ a bhfuil na hairíonna seo a leanas acu:

(a) leoraithe dochta a bhfuil cumraíocht acastóirí 4x2 acu agus uasmhais ualaithe atá incheadaithe go teicniúil a sháraíonn 16 thona;

(b) leoraithe dochta a bhfuil cumraíocht acastóirí 6x2 acu;

(c) tarracóirí a bhfuil cumraíocht acastóirí 4x2 acu agus uasmhais ualaithe atá incheadaithe go teicniúil a sháraíonn 16 thona; agus

(d) tarracóirí a bhfuil cumraíocht acastóirí 6x2 acu.

Beidh feidhm ag an Rialachán freisin, chun críocha Airteagal 5 den Rialachán seo agus phointe 2.3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis, maidir le feithiclí nua tromshaothair de chatagóir N nach dtagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) Uimh. 510/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] agus nach bhfuil na hairíonna a leagtar amach i bpointí (a) go (d) den chéad fhomhír á gcomhlíonadh acu.

[1] Rialachán (AE) Uimh. 510/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2011 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta d'astaíochtaí ó fheithiclí tráchtála éadroma nua mar chuid de chur chuige comhtháite an Aontais chun astaíochtaí $CO_2$ ó fheithiclí saothair éadroim a laghdú (IO L 145, 31.5.2011, lch. 1).

Tagraítear leis na catagóirí feithiclí dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus sa dara fomhír den mhír seo do na catagóirí feithiclí a shainmhínítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].

2. Chun críocha an Rialacháin seo, measfar gur feithiclí nua tromshaothair i dtréimhse ar leith 12 mhí dar tús an 1 Iúil na feithiclí dá dtagraítear i mír 1 má chláraítear iad san Aontas den chéad uair sa tréimhse sin agus nár cláraíodh roimhe sin lasmuigh den Aontas iad.

Ní dhéanfar clárú roimhe sin, arna dhéanamh lasmuigh den Aontas tráth nach faide ná trí mhí roimh chlárú san Aontas, a chur san áireamh.

3. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, nós imeachta sonrach chun feithiclí tromshaothair atá deimhnithe mar fheithiclí seirbhíse a shainaithint de bhun Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 agus na mbeart cur chun feidhme a ghabhann leis, nach bhfuil cláraithe mar sin, agus déanfaidh sé ceartúcháin a chur i bhfeidhm maidir le meánastaíochtaí sonracha bliantúla $CO_2$ monaróra chun na feithiclí sin a chur san áireamh, ó thréimhse tuairiscithe na bliana 2021 amach agus do gach tréimhse tuairiscithe ina dhiaidh sin. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 16(2) den Rialachán seo.

1 Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meán Fómhair 2007 lena mbunaítear creat chun mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá beartaithe le haghaidh feithiclí den sórt sin a cheadú (Treoir Réime) (IO L 263, 9.10.2007, lch. 1).

*Airteagal 3*

*Sainmhínithe*

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'astaíochtaí tagartha $CO_2$' meán na n-astaíochtaí sonracha $CO_2$ sa tréimhse thagartha dá dtagraítear sa dara mír d'Airteagal 1 i gcomhair na bhfeithiclí nua tromshaothair uile i ngach foghrúpa feithiclí, ach gan feithiclí seirbhíse san áireamh, arna gcinneadh i gcomhréir le pointe 3 d'Iarscríbhinn I;

(2) ciallaíonn 'astaíochtaí sonracha $CO_2$' astaíochtaí $CO_2$ feithicle tromshaothair ar leith arna gcinneadh i gcomhréir le pointe 2.1 d'Iarscríbhinn I;

(3) ciallaíonn 'tréimhse tuairiscithe na bliana Y' an tréimhse ón 1 Iúil na bliana Y go dtí an 30 Meitheamh na bliana Y+1;

(4) ciallaíonn 'meánastaíochtaí sonracha $CO_2$' meán na n-astaíochtaí sonracha $CO_2$ i gcomhair feithiclí nua tromshaothair monaróra i dtréimhse tuairiscithe ar leith arna gcinneadh i gcomhréir le pointe 2.7 d'Iarscríbhinn I;

(5) ciallaíonn 'sprioc i leith astaíochtaí sonracha $CO_2$' sprioc astaíochtaí $CO_2$ de chuid monaróra aonair, arna sloinneadh in g/tkm agus arna cinneadh ar bhonn bliantúil don tréimhse tuairiscithe roimhe sin i gcomhréir le pointe 4 d'Iarscríbhinn I;

(6) ciallaíonn 'leoraí docht' leoraí nach bhfuil deartha nó déanta chun leathleantóir a tharraingt;

(7) ciallaíonn 'tarracóir' aonad tarracóra atá deartha agus déanta go heisiach nó go príomha chun leathleantóirí a tharraingt;

(8) ciallaíonn 'foghrúpa feithiclí' grúpa feithiclí mar a shainítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn I, a bhfuil tacar comhchoiteann sainiúil critéar teicniúil mar shaintréith acu atá ábhartha chun astaíochtaí $CO_2$ agus ídiú breosla na bhfeithiclí sin a chinneadh;

(9) ciallaíonn 'feithicil seirbhíse' feithicil tromshaothair ar ina leith a cinneadh astaíochtaí $CO_2$ agus ídiú breosla, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 agus a bhearta cur chun feidhme, do phróifílí misin eile seachas na cinn sin a shainítear i bpointe 2.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, agus do na próifílí misin sin amháin;

(10) ciallaíonn 'monaróir' an duine nó an comhlacht atá freagrach as na sonraí a bhaineann le feithiclí nua tromshaothair a thíolacadh de bhun Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 2018/956 nó, i gcás feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha, an duine nó an comhlacht atá freagrach don údarás ceadaithe as gach gné de nós imeachta cineálcheadaithe CE nó as an nós imeachta aonair ceadaithe i gcomhréir le Treoir 2007/46/CE agus as comhréireacht na táirgeachta a áirithiú;

(11) ciallaíonn ‘feithicil tromshaothair astaíochtaí nialasacha’ feithicil tromshaothair nach bhfuil inneall dócháin inmheánaigh aici, nó a bhfuil inneall dócháin inmheánaigh aici a astaíonn níos lú ná 1 g $CO_2$/kWh arna chinneadh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 agus a bhearta cur chun feidhme, nó a astaíonn níos lú ná 1 g $CO_2$/km arna chinneadh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] agus a bhearta cur chun feidhme;

(12) ciallaíonn ‘feithicil tromshaothair astaíochtaí ísle’ feithicil tromshaothair, seachas feithicil tromshaothair astaíochtaí nialasacha, a bhfuil astaíochtaí sonracha $CO_2$ aici is lú ná a leath d’astaíochtaí tagartha $CO_2$ na bhfeithiclí ar fad san fhoghrúpa feithiclí lena mbaineann an fheithicil tromshaothair, arna gcinneadh i gcomhréir le pointe 2.3.3 d’Iarscríbhinn I;

(13) ciallaíonn ‘próifíl mhisin’ meascán de sprioc maidir le timthriall luais, luach pálasta, cumraíocht chabhlach nó leantóra agus paraiméadair eile, más infheidhme, lena léirítear an úsáid shonrach a bhaintear as feithicil, ar ar a bhonn a chinntear astaíochtaí oifigiúla $CO_2$ agus ídiú oifigiúil breosla feithicle tromshaothair;

(14) ciallaíonn ‘sprioc maidir le timthriall luais’ an tuairisc ar threoluas na feithicle is mian leis an tiománaí a bhaint amach nó ag a bhfuil sé teoranta i ngeall ar dhálaí tráchta, mar fheidhm den fhad arna thaisteal le linn turais;

1 Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2007 maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála (Euro 5 agus Euro 6) agus maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí (IO L 171, 29.6.2007, lch. 1).

(15) ciallaíonn 'pálasta' meáchan na n-earraí nó na ndaoine a iompraíonn feithicil faoi dhálaí difriúla.

*Airteagal 4*

*Meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ monaróra*

Cinnfidh an Coimisiún, ón 1 Iúil 2020 den chéad uair, agus gach tréimhse tuairiscithe ina dhiaidh sin, meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ gach monaróra in g/tkm don tréimhse tuairiscithe roimhe sin, trí na nithe seo a leanas a chur san áireamh:

(a) na sonraí arna dtuairisciú de bhun Rialachán (AE) 2018/956 i dtaca le feithiclí nua tromshaothair an mhonaróra arna gclárú sa tréimhse tuairiscithe roimhe sin, ach gan feithiclí seirbhíse san áireamh; agus

(b) an fachtóir astaíochtaí nialasacha agus an fachtóir astaíochtaí ísle arna gcinneadh i gcomhréir le hAirteagal 5.

Déanfar na meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ a chinneadh i gcomhréir le pointe 2.7 d'Iarscríbhinn I.

*Airteagal 5*

*Feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha agus feithiclí tromshaothair astaíochtaí ísle*

1. Cinnfidh an Coimisiún, ón 1 Iúil 2020 den chéad uair agus gach tréimhse tuairiscithe ina dhiaidh sin do gach monaróir an fachtóir astaíochtaí nialasacha agus an fachtóir astaíochtaí ísle don tréimhse tuairiscithe roimhe sin.

Leis an bhfachtóir astaíochtaí nialasacha agus leis an bhfachtóir astaíochtaí ísle, cuirfear san áireamh líon na bhfeithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha agus na bhfeithiclí tromshaothair astaíochtaí ísle, mar aon lena n-astaíochtaí $CO_2$, i bhflít an mhonaróra i dtréimhse tuairiscithe, lena n-áirítear feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 2(1), chomh maith le feithiclí seirbhíse astaíochtaí nialasacha agus feithiclí seirbhíse astaíochtaí ísle, agus cinnfear na fachtóirí sin i gcomhréir le pointe 2.3 d'Iarscríbhinn I.

2. I gcás thréimhsí tuairiscithe 2019 go 2024, déanfar líon na bhfeithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha agus na bhfeithiclí tromshaothair astaíochtaí ísle a chomhaireamh mar a leanas chun críche mhír 1:

(a) comhairfear feithicil astaíochtaí nialasacha mar dhá fheithicil; agus

(b) comhairfear feithicil astaíochtaí ísle mar suas le dhá fheithicil de réir feidhm de chuid a hastaíochtaí sonracha $CO_2$ agus thairseach astaíochtaí ísle an fhoghrúpa feithiclí lena mbaineann an fheithicil, mar a shainítear i bpointe 2.3.3 d'Iarscríbhinn I.

Déanfar an fachtóir astaíochtaí nialasacha agus an fachtóir astaíochtaí ísle a chinneadh i gcomhréir le pointe 2.3.1 d'Iarscríbhinn I.

3. I gcás na dtréimhsí tuairiscithe ón mbliain 2025 ar aghaidh, is ar bhonn thagarmharc 2 % a chinnfear an fachtóir astaíochtaí nialasacha agus an fachtóir astaíochtaí ísle, i gcomhréir le pointe 2.3.2 d'Iarscríbhinn I.

4. I ngeall ar an bhfachtóir astaíochtaí nialasacha agus ar an bhfachtóir astaíochtaí ísle, laghdófar meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ monaróra faoi 3 % ar a mhéad. De thoradh rannchuidiú na bhfeithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 2(1) leis an bhfachtóir sin, laghdófar meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ monaróra faoi 1,5 % ar a mhéad.

*Airteagal 6*

*Spriocanna monaróra i leith astaíochtaí sonracha $CO_2$*

Cinnfidh an Coimisiún, ón 1 Iúil 2026 den chéad uair agus i ngach tréimhse tuairiscithe ina dhiaidh sin, do gach monaróir sprioc i leith astaíochtaí sonracha $CO_2$ don tréimhse tuairiscithe roimhe sin. Is é a bheidh sa sprioc sin i leith astaíochtaí sonracha $CO_2$ suim na dtorthaí, as measc na bhfoghrúpaí feithiclí uile, ar na luachanna seo a leanas:

(a) an sprioc maidir le laghdú ar astaíochtaí $CO_2$ dá dtagraítear i bpointe (a) nó (b) den chéad mhír d'Airteagal 1, de réir mar is infheidhme;

(b) astaíochtaí tagartha $CO_2$;

(c) sciar feithiclí an mhonaróra i ngach foghrúpa feithiclí;

(d) na fachtóirí bliantúla míleáiste agus ualaithe pálasta a chuirtear i bhfeidhm maidir le gach foghrúpa feithiclí.

Déanfar an sprioc i leith astaíochtaí sonracha $CO_2$ a chinneadh i gcomhréir le pointe 4 d'Iarscríbhinn I.

*Airteagal 7*

*Creidmheasanna astaíochta agus fiacha astaíochta*

1. Chun a chinneadh an bhfuil a spriocanna i leith astaíochtaí sonracha $CO_2$ á gcomhlíonadh ag monaróir le linn thréimhsí tuairiscithe na mbliana 2025 go 2029, cuirfear san áireamh na creidmheasanna astaíochta agus na fiacha astaíochta atá aige arna gcinneadh i gcomhréir le pointe 5 d'Iarscríbhinn I, a chomhfhreagraíonn do líon na bhfeithiclí nua tromshaothair de chuid an mhonaróra, gan feithiclí seirbhíse san áireamh, i dtréimhse tuairiscithe, arna iolrú faoi na nithe seo a leanas:

(a) an difríocht idir conair laghdaithe astaíochtaí $CO_2$ an mhonaróra sin dá dtagraítear i mír 2 agus a mheánastaíochtaí sonracha $CO_2$, má tá an difríocht sin dearfach ('creidmheasanna astaíochta'); nó

(b) an difríocht idir meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ an mhonaróra sin agus an sprioc atá aige i leith astaíochtaí sonracha $CO_2$, má tá an difríocht sin dearfach ('fiacha astaíochta').

Gheofar creidmheasanna astaíochta i dtréimhsí tuairiscithe na mbliana 2019 go 2029. Mar sin féin, ní chuirfear na creidmheasanna astaíochta a gheofar i dtréimhsí tuairiscithe na mbliana 2019 go 2024 san áireamh ach amháin chun a chinneadh an bhfuil a spriocanna i leith astaíochtaí sonracha $CO_2$ do thréimhse tuairiscithe na bliana 2025 á gcomhlíonadh ag an monaróir.

Gheofar fiacha astaíochta i dtréimhsí tuairiscithe na mbliana 2025 go 2029. Mar sin féin, ní rachaidh an fiach astaíochta iomlán monaróra thar 5 % de sprioc an mhonaróra i leith astaíochtaí sonracha $CO_2$ i dtréimhse tuairiscithe na bliana 2025 arna iolrú faoi líon na bhfeithiclí tromshaothair de chuid an mhonaróra sa tréimhse sin (‘an teorainn maidir le fiach astaíochta’).

Aistreofar, i gcás ina mbeidh fáil orthu, creidmheasanna astaíochta agus fiacha astaíochta a gheofar i dtréimhsí tuairiscithe na mbliana 2025 go 2028, ó thréimhse tuairiscithe féilire amháin go dtí an chéad tréimhse tuairiscithe eile. Glanfar aon fhiacha astaíochta a bheidh fágtha i dtréimhse tuairiscithe na bliana 2029.

2. Socrófar an chonair laghdaithe astaíochtaí $CO_2$ do gach monaróir i gcomhréir le pointe 5.1 d’Iarscríbhinn I, bunaithe ar chonair líneach idir astaíochtaí tagartha $CO_2$ dá dtagraítear sa dara fomhír d’Airteagal 1 agus an sprioc i leith astaíochtaí $CO_2$ do thréimhse tuairiscithe na bliana 2025 mar a shonraítear i bpointe (a) den chéad mhír den Airteagal sin, agus idir an sprioc i leith astaíochtaí $CO_2$ do thréimhse tuairiscithe na bliana 2025 agus an sprioc i leith astaíochtaí $CO_2$ do thréimhsí tuairiscithe na bliana 2030 ar aghaidh mar a shonraítear i bpointe (b) den chéad mhír den Airteagal sin.

*Airteagal 8*

*Spriocanna i leith astaíochtaí sonracha $CO_2$ a chomhlíonadh*

1. I gcás ina bhfaightear go bhfuil astaíochtaí iomarcacha $CO_2$ ag monaróir de bhun mhír 2 i dtréimhse tuairiscithe ar leith ó 2025 ar aghaidh, forchuirfidh an Coimisiún préimh astaíochtaí $CO_2$ iomarcacha, arna ríomh i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

(a) ó 2025 go 2029,

(Préimh astaíochtaí $CO_2$ iomarcacha) = (Astaíochtaí $CO_2$ iomarcacha x EUR 4 250/g$CO_2$/tkm)

(b) ó 2030 ar aghaidh,

(Préimh astaíochtaí $CO_2$ iomarcacha) = (Astaíochtaí $CO_2$ iomarcacha x EUR 6 800/g$CO_2$/tkm).

2. Measfar astaíochtaí $CO_2$ iomarcacha a bheith ag monaróir in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

(a) i gcás, le linn aon cheann de thréimhsí tuairiscithe na mbliana 2025 go 2028, ina sáróidh suim na bhfiach astaíochta arna laghdú le méid na gcreidmheasanna astaíochta an teorainn maidir le fiach astaíochta dá dtagraítear sa tríú fomhír d'Airteagal 7(1);

(b) i gcás, le linn thréimhse tuairiscithe na bliana 2029, gur dearfach suim na bhfiach astaíochta arna laghdú le méid na gcreidmheasanna astaíochta nialas;

(c) i gcás, ó thréimhse tuairiscithe na bliana 2030 ar aghaidh, ina sáróidh meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ monaróra a sprioc i leith astaíochtaí sonracha $CO_2$.

Déanfar na hastaíochtaí $CO_2$ iomarcacha i dtréimhse tuairiscithe ar leith a ríomh i gcomhréir le pointe 6 d'Iarscríbhinn I.

3. Cinnfidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na modhanna maidir le préimheanna astaíochtaí $CO_2$ iomarcacha a bhailiú faoi mhír 1 den Airteagal seo. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 16(2).

4. Measfar, maidir leis na préimheanna astaíochtaí $CO_2$ iomarcacha, gur ioncam iad do bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh.

*Airteagal 9*

*Sonraí faireacháin a fhíorú*

1. Tabharfaidh na húdaráis cineálcheadaithe tuairisc don Choimisiún gan mhoill i dtaca le haon neamhréireacht a aimsítear i luachanna astaíochtaí $CO_2$ feithiclí tromshaothair inseirbhíse i gcomparáid leis na luachanna sin a léirítear i ndeimhnithe comhréireachta nó i gcomhad faisnéise an chustaiméara dá dtagraítear in Airteagal 9(4) de Rialachán (AE) 2017/2400 de thoradh fíoruithe arna ndéanamh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 13 den Rialachán seo.

2. Cuirfidh an Coimisiún na neamhréireachtaí dá dtagraítear i mír 1 san áireamh chun meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ monaróra a ríomh.

3. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha mionsonraithe maidir leis na nósanna imeachta chun na neamhréireachtaí sin a thuairisciú agus chun iad a chur san áireamh i ríomh na meánastaíochtaí sonracha $CO_2$. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 16(2).

*Airteagal 10*

*Measúnú ar astaíochtaí tagartha $CO_2$*

Chun stóinseacht agus ionadaíochas astaíochtaí tagartha $CO_2$ a áirithiú mar bhonn chun na spriocanna i leith astaíochtaí sonracha $CO_2$ fhlít an Aontais ina iomláine a chinneadh, bunóidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an mhodheolaíocht chun measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme na ndálaí faoinar cinneadh astaíochtaí tagartha $CO_2$, agus na critéir a bhunú chun a chinneadh an ndearnadh na hastaíochtaí sin a mhéadú go míchuí agus, más amhlaidh go ndearnadh, conas a cheartófar iad.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 16(2).

*Airteagal 11*

*Sonraí agus feidhmíocht monaróra a fhoilsiú*

1. Faoin 30 Aibreán gach bliain, foilseoidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, liosta ina léireofar an méid seo a leanas:

(a) ón 1 Iúil 2020, i gcás gach monaróra, a mheánastaíochtaí sonracha $CO_2$ sa tréimhse tuairiscithe roimhe sin, dá dtagraítear in Airteagal 4;

(b) ón 1 Iúil 2020, i gcás gach monaróra, an fachtóir astaíochtaí nialasacha agus an fachtóir astaíochtaí ísle, sa tréimhse tuairiscithe roimhe sin, dá dtagraítear in Airteagal 5(1);

(c) ón 1 Iúil 2026, i gcás gach monaróra, a sprioc maidir le meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ don tréimhse tuairiscithe roimhe sin, dá dtagraítear in Airteagal 6;

(d) ón 1 Iúil 2020 go dtí an 30 Meitheamh 2031, i gcás gach monaróra, a chonair laghdaithe astaíochtaí $CO_2$, a chreidmheasanna astaíochta agus, ón 1 Iúil 2026 go dtí an 30 Iúil 2031, a fhiacha astaíochta sa tréimhse tuairiscithe roimhe sin, dá dtagraítear in Airteagal 7;

(e) ón 1 Iúil 2026, i gcás gach monaróra, a astaíochtaí $CO_2$ iomarcacha sa tréimhse tuairiscithe roimhe sin, dá dtagraítear in Airteagal 8(1);

(f) ón 1 Iúil 2020 ar aghaidh, an meán d'astaíochtaí sonracha $CO_2$ i gcomhair na bhfeithiclí nua tromshaothair uile a cláraíodh san Aontas sa tréimhse tuairiscithe roimhe sin.

Sa liosta atá le foilsiú faoin 30 Aibreán 2021, áireofar astaíochtaí tagartha $CO_2$ dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 1.

2. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 17 chun astaíochtaí $CO_2$ a choigeartú i gcomhréir leis na nithe seo a leanas:

(a) i gcás ina ndearnadh ualuithe na bpróifílí misin nó na luachanna pálasta a choigeartú de bhun phointe (b) nó phointe (c) d'Airteagal 14(1), tríd an nós imeachta a leagtar amach i bpointe 1 d'Iarscríbhinn II a chur i bhfeidhm;

(b) i gcás inar cinneadh fachtóirí coigeartaithe de bhun Airteagal 14(2), trí na fachtóirí coigeartaithe sin a chur i bhfeidhm maidir le hastaíochtaí tagartha $CO_2$;

(c) i gcás inar cinneadh, i gcomhréir leis an modheolaíocht dá dtagraítear in Airteagal 10, gur ann do mhéadú míchuí ar astaíochtaí tagartha $CO_2$, trí astaíochtaí tagartha $CO_2$ ceartaithe a cheartú faoin 30 Aibreán 2022.

Foilseoidh an Coimisiún na luachanna coigeartaithe i dtaca le hastaíochtaí tagartha $CO_2$ agus cuirfidh sé na luachanna sin i bhfeidhm chun spriocanna i leith astaíochtaí sonracha $CO_2$ an mhonaróra a ríomh sna tréimhsí tuairiscithe ag tosú ó dháta chur i bhfeidhm na ngníomhartha tarmligthe lena gcoigeartaítear na luachanna.

*Airteagal 12*

*Fíorastaíochtaí $CO_2$ agus fíorídiú fuinnimh*

1. Déanfaidh an Coimisiún faireachán agus measúnú ar fhíorionadaíochas luachanna astaíochtaí $CO_2$ agus ídithe fuinnimh arna gcinneadh faoi chuimsiú Rialachán (CE) 595/2009.

   Thairis sin, déanfaidh an Coimisiún bailiú tráthrialta ar shonraí maidir le fíorastaíochtaí $CO_2$ agus fíorídiú fuinnimh feithiclí tromshaothair ina n-úsáidtear feistí infheithicle lena ndéantar faireachán ar ídiú breosla agus/nó fuinnimh, ag tosú le feithiclí nua tromshaothair arna gclárú ó dháta chur i bhfeidhm na mbeart dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 5c de Rialachán (CE) Uimh. 595/2009.

   Áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh an pobal ar an eolas faoi aon fhorbairt a thagann ar an ionadaíochas sin le himeacht ama.

2. Chun críche mhír 1 den Airteagal seo, áiritheoidh an Coimisiún go gcuirfidh na monaróirí nó na húdaráis náisiúnta ar fáil dó, nó go ndéanfar sin le haistriú díreach sonraí ó na feithiclí féin, de réir mar a bheidh, na paraiméadair seo a leanas a bhaineann le fíorastaíochtaí $CO_2$ agus le fíorídiú fuinnimh feithiclí tromshaothair go tráthrialta ag tosú ó dháta chur i bhfeidhm na mbeart dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 5c de Rialachán (CE) Uimh. 595/2009:

   (a) uimhir aitheantais na feithicle;

(b) ídiú breosla agus ídiú fuinnimh leictrigh;

(c) an fad iomlán a thaistealaítear;

(d) pálasta;

(e) i gcás feithiclí leictreacha hibrideacha tromshaothair atá in-athluchtaithe ón taobh amuigh, an breosla agus an fuinneamh leictreach a ídíodh, agus an fad a taistealaíodh arna dháileadh i measc na modhanna tiomána éagsúla;

(f) paraiméadair eile a bhfuil gá leo chun a áirithiú gur féidir na hoibleagáidí a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo a chomhlíonadh.

Déanfaidh an Coimisiún na sonraí arna bhfáil faoin gcéad fhomhír den mhír seo a phróiseáil chun tacar sonraí anaithnidithe comhiomlánaithe a chruthú, lena n-áirítear in aghaidh an mhonaróra, chun críocha mhír 1. Ní bhainfear úsáid as uimhreacha aitheantais na bhfeithiclí ach chun críche na próiseála sonraí sin ná ní choinneofar iad níos faide ná mar is gá chun na críche sin.

3. Chun cosc a chur ar fhás bhearna na bhfíorastaíochtaí, déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná dhá bhliain agus cúig mhí i ndiaidh dháta chur i bhfeidhm na mbeart dá dtagraítear i bpointe (b) d’Airteagal 5c de Rialachán (CE) Uimh. 595/2009, measúnú ar conas is féidir sonraí maidir le hídiú breosla agus fuinnimh a úsáid chun a áirithiú go mbeidh luachanna astaíochtaí $CO_2$ agus ídithe fuinnimh feithiclí arna gcinneadh de bhun an Rialacháin sin fós ionadaíoch ar fhíorastaíochtaí le himeacht ama do gach monaróir.

Déanfaidh an Coimisiún faireachán agus tuairisciú bliantúil ar conas mar a fhorbróidh an bhearna dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus, d'fhonn cosc a chur le méadú sa bhearna sin, déanfaidh sé measúnú, in 2027, ar a indéanta atá sásra chun coigeartú a dhéanamh ar mheánastaíochtaí sonracha $CO_2$ an mhonaróra amhail ó 2030, agus, más iomchuí, déanfaidh sé togra reachtach a thíolacadh chun sásra den sórt sin a chur ar bun.

4. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an nós imeachta mionsonraithe chun na sonraí dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a bhailiú agus a phróiseáil. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 16(2).

*Airteagal 13*

*Fíorú ar astaíochtaí $CO_2$ feithiclí tromshaothair inseirbhíse*

1. Áiritheoidh monaróirí go mbeidh luachanna astaíochtaí $CO_2$ agus an ídithe breosla arna dtaifeadadh sa chomhad faisnéise custaiméara dá dtagraítear in Airteagal 9(4) de Rialachán (AE) 2017/2400 ag freagairt d'astaíochtaí $CO_2$ agus ídiú fuinnimh feithiclí tromshaothair inseirbhíse mar a chinntear i gcomhréir leis an Rialachán sin.

2. I ndiaidh theacht i bhfeidhm na nósanna imeachta dá dtagraítear i mír 4, fíoróidh na húdaráis cineálcheadaithe, i gcás na monaróirí sin dar dheonaigh siad ceadúnas chun an uirlis ionsamhlúcháin a oibriú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 595/2009 agus lena mbearta cur chun feidhme, ar bhonn sampláil iomchuí agus ionadaíoch feithiclí, go bhfuil luachanna astaíochtaí $CO_2$ agus an ídithe breosla arna dtaifeadadh sna comhaid faisnéise custaiméara ag freagairt d'astaíochtaí $CO_2$ agus ídiú fuinnimh na bhfeithiclí tromshaothair inseirbhíse arna gcinneadh i gcomhréir leis an Rialachán sin agus lena mbearta cur chun feidhme, agus breithniú á dhéanamh, *inter alia*, ar úsáid a bhaint as sonraí atá ar fáil ó fheistí infheithicle lena ndéantar faireachán ar ídiú breosla agus/nó fuinnimh.

Fíoróidh na húdaráis cineálcheadaithe freisin an ann d'aon straitéisí infheithicle nó d'aon straitéisí a bhaineann leis na feithiclí arna sampláil a fheabhsaíonn feidhmíocht na feithicle go saorga sna tástálacha nó sna ríomhanna chun astaíochtaí $CO_2$ agus ídiú breosla a dheimhniú trí, *inter alia*, úsáid a bhaint as sonraí ó fheistí infheithicle lena ndéantar faireachán ar ídiú breosla agus/nó fuinnimh.

3. I gcás ina n-aimsítear easpa comhréireachta maidir le luachanna astaíochtaí $CO_2$ agus ídithe breosla nach féidir a shannadh ar mhífheidhmiú na huirlise ionsamhlúcháin, nó aon straitéisí atá ann lena bhfeabhsaítear feidhmíocht feithicle ar bhonn saorga mar thoradh ar na fíoruithe a dhéantar de bhun mhír 2, áiritheoidh an t-údarás cineálcheadaithe atá freagrach, sa bhreis ar na bearta riachtanacha a leagtar amach i gCaibidil XI de Rialachán (AE) 2018/858 a dhéanamh, go gceartófar na comhaid faisnéise custaiméara, na deimhnithe comhréireachta agus na deimhnithe um cheadú aonair, de réir mar a bheidh.

4. Cinnfidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na nósanna imeachta chun na fíoruithe dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a dhéanamh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 16(2).

Tugtar de chumhacht don Choimisiún, sula nglacfaidh sé na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír, gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 17 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na treoirphrionsabail agus na critéir a leagan amach chun na nósanna imeachta dá dtagraítear sa chéad fhomhír a shainiú.

*Airteagal 14*

*Leasuithe ar Iarscríbhinní I agus II*

1. Chun a áirithiú go gcuirfear san áireamh an dul chun cinn teicniúil agus an forás ar lóistíocht iompair lastais leis na paraiméadair theicniúla a úsáidtear chun meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ monaróra de bhun Airteagal 4 agus na spriocanna i leith astaíochtaí sonracha $CO_2$ de bhun Airteagal 6 a ríomh, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 17 chun na forálacha seo a leanas a leagtar amach in Iarscríbhinní I agus II a leasú:

(a) na hiontrálacha maidir leis an gcineál cábáin agus leis an gcumhacht innill a leagtar amach i dTábla 1 d’Iarscríbhinn I agus na sainmhínithe ar ‘chábán codlata’ agus ‘cábán lae’ dá dtagraítear sa tábla sin;

(b) ualuithe na bpróifílí misin a leagtar amach i dTábla 2 d’Iarscríbhinn I;

(c) na luachanna pálasta a leagtar amach i dTábla 3 d'Iarscríbhinn I, agus na fachtóirí coigeartaithe pálasta a leagtar amach i dTábla 1 d'Iarscríbhinn II;

(d) luachanna an mhíleáiste bhliantúil a leagtar amach i dTábla 4 d'Iarscríbhinn I.

2. I gcás ina ndéanfar nósanna imeachta a bhaineann le cineálcheadú a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 agus bearta cur chun feidhme an Rialacháin sin a mhodhnú trí leasuithe eile seachas na cinn dá bhforáiltear i bpointí (b) agus (c) de mhír 1 den Airteagal seo ar dhóigh a thiocfaidh méadú nó laghdú is mó ná 5 g $CO_2$/km ar leibhéal astaíochtaí $CO_2$ na bhfeithiclí ionadaíocha arna sainiú de bhun na míre seo, cuirfidh an Coimisiún, i gcomhréir le pointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 11(2) fachtóir coigeartaithe i bhfeidhm ar astaíochtaí tagartha $CO_2$ atá le ríomh i gcomhréir leis an bhfoirmle a leagtar amach i bpointe 2 d'Iarscríbhinn II.

3. Cuirfidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, modheolaíocht ar bun chun feithicil ionadaíoch amháin nó níos mó d'fhoghrúpa feithiclí a shainiú, lena n-áirítear a n-ualuithe staidrimh, ar ar a mbonn a chinnfear an coigeartú sin dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, agus na sonraí faireacháin arna dtuairisciú de bhun Rialachán (AE) Uimh. 2018/956 agus airíonna teicniúla na bhfeithiclí a liostaítear in Airteagal 12(1) de Rialachán (AE) 2017/2400 á gcur san áireamh. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 16(2) den Rialachán seo.

*Airteagal 15*

*Athbhreithniú agus tuairisciú*

1. Faoin 31 Nollaig 2022, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle i dtaobh a éifeachtaí atá an Rialachán seo, an sprioc maidir le laghdú ar astaíochtaí $CO_2$ agus leibhéal an tsásra dreasachta le haghaidh feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha agus feithiclí tromshaothair astaíochtaí ísle is infheidhme ó 2030, i dtaobh spriocanna maidir le laghdú ar astaíochtaí $CO_2$ a shocrú le haghaidh cineálacha eile feithiclí tromshaothair, lena n-áirítear leantóirí, busanna agus cóistí, agus feithiclí seirbhíse, agus i dtaobh spriocanna ceangailteacha maidir le laghdú ar astaíochtaí $CO_2$ a thabhairt isteach do 2035 agus do 2040 ar aghaidh. Is i gcomhréir le gealltanais an Aontais Eorpaigh faoi Chomhaontú Pháras a dhéanfar measúnú ar sprioc 2030.

2. Áireofar go háirithe sa tuarascáil dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo an méid seo a leanas freisin:

   (a) measúnú ar éifeachtacht chóras na gcreidmheasanna astaíochta agus na bhfiach astaíochta dá dtagraítear in Airteagal 7 agus a iomchuí atá sé síneadh a chur le cur i bhfeidhm an chórais sin in 2030 agus ar aghaidh;

   (b) measúnú ar imlonnú feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha agus feithiclí tromshaothair astaíochtaí ísle, agus aird á tabhairt ar na spriocanna a leagtar amach i dTreoir 2009/33/CE, chomh maith le paraiméadair agus coinníollacha ábhartha a dhéanann difear do chur ar an margadh feithiclí tromshaothair den sórt sin;

(c) measúnú sa ar éifeachtacht an tsásra dreasachta le haghaidh na bhfeithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha agus na bhfeithiclí tromshaothair astaíochtaí ísle a leagtar amach in Airteagal 5 agus ar a iomchuí atá eilimintí éagsúla an tsásra dreasachta, d'fhonn é a choigeartú don tréimhse i ndiaidh 2025 faoi chomhair difreáil a d'fhéadfaí a dhéanamh trí raon tiomána astaíochtaí nialasacha agus foghrúpa feithiclí, in éineacht le fachtóirí míleáiste agus fachtóirí ualaithe pálasta, lena ngabhfadh dáta cur i bhfeidhm a dtiocfadh aga tionscanta de thrí bliana ar a laghad roimhe;

(d) measúnú ar leathadh amach an bhonneagair athluchtaithe agus athbhreoslaithe is gá, ar an bhféidearthacht caighdeáin feidhmíochta astaíochtaí $CO_2$ innill a thabhairt isteach, go háirithe le haghaidh feithiclí seirbhíse, agus ar fhíorionadaíochas luachanna astaíochtaí $CO_2$ agus an ídithe breosla arna gcinneadh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/2400;

(e) chun críche an Rialacháin seo agus chun na críche sin amháin, breithnithe ar fheithiclí tromshaothair agus cónaisc feithiclí, agus na meáchain agus toisí is infheidhme i dtaobh iompar náisiúnta á gcur san áireamh, mar shampla, iompar modúlach agus iompar idirmhódach, agus measúnú á dhéanamh ag an am céanna ar ghnéithe slándála agus éifeachtúlachta a d'fhéadfadh a bheith ann, ar éifeachtaí idirmhódacha, comhshaoil, bonneagair agus athphreibe chomh maith le suíomh geografach na mBallstát;

(f) measúnú ar uirlis ionsamhlúcháin VECTO chun a áirithiú go ndéanfar an uirlis sin a nuashonrú go leanúnach agus ar bhonn tráthúil;

(g) measúnú ar an bhféidearthacht modheolaíocht shonrach a fhorbairt chun go gcuirfí san áireamh an rannchuidiú a d'fhéadfaí a dhéanamh le hastaíochtaí $CO_2$ a laghdú trí bhreoslaí sintéiseacha agus ardbhreoslaí inathnuaite leachtacha agus gásacha malartacha a úsáid, lena n-áirítear ríomhbhreoslaí, arna dtáirgeadh le fuinneamh inathnuaite agus lena gcomhlíontar na critéir maidir leis an inbhuanaitheacht agus laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa dá dtagraítear i dTreoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1];

(h) measúnú ar a indéanta atá sé sásra comhthiomsaithe oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach a thabhairt isteach idir monaróirí;

(i) measúnú ar leibhéal na préimhe astaíochtaí $CO_2$ iomarcacha chun a áirithiú gur mó an phréimh sin ná meánchostais imeallacha na dteicneolaíochtaí is gá chun na spriocanna maidir le hastaíochtaí $CO_2$ a bhaint amach.

3. I gcás inarb iomchuí, beidh togra reachtach chun leasú a dhéanamh ar an Rialachán seo ag gabháil leis an tuarascáil dá dtagraítear i mír 1.

---

[1] Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82).

4. Mar chuid den mheastóireacht de bhun Airteagal 15(5) de Rialachán (AE) 2019/...[+], déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an bhféidearthacht na hioncaim ó phréimheanna astaíochtaí sonracha $CO_2$ a shannadh ar chiste sonrach nó ar chlár ábhartha, agus é mar chuspóir leis sin aistriú cóir a áirithiú i dtreo geilleagar aeráid-neodrach dá dtagraítear in Airteagal 4.1 de Chomhaontú Pháras, go háirithe chun tacú le hathsciliú, uas-sciliú agus oiliúint i scileanna eile agus athdháileadh oibrithe san earnáil mótarfheithiclí i ngach Ballstát a ndéanfar difear dó, go háirithe sna réigiúin agus sna pobail is mó a ndéanfaidh an t-aistriú difear dóibh. Más iomchuí, tíolacfaidh an Coimisiún togra reachtach chuige sin faoi 2027 ar a dhéanaí.

5. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 2023, meastóireacht ar an bhféidearthacht modheolaíocht chomhchoiteann de chuid an Aontais a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar astaíochtaí $CO_2$ ar feadh shaolré iomlán na bhfeithiclí nua tromshaothair a chuirtear ar mhargadh an Aontais, agus chun tuairisciú a dhéanamh ar shonraí na n-astaíochtaí sin. Déanfaidh an Coimisiún an mheastóireacht sin, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, tograí le haghaidh bearta leantacha, amhail tograí reachtacha, a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

[+] Nóta do IO: Cuirtear isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad 2017/0293 (COD) - pe 6/19.

*Airteagal 16*

*Nós imeachta coiste*

1. Déanfaidh an Coiste um Athrú Aeráide, dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 44(1) de Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás nach dtugann an coiste aon tuairim, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag an tríú fomhír d'Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

[1] Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 94/22/CE, 98/70/CE, 2009/31/CE, 2009/73/CE, 2010/31/AE, 2012/27/AE agus 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1).

*Airteagal 17*

*An tarmligean a fheidhmiú*

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 11(2), an dara fomhír d'Airteagal 13(4) agus Airteagal 14(1) a thabhairt don Choimisiún ar feadh tréimhse cúig bliana amhail ón ... [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe ar feadh tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuirfidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 11(2), sa dara fomhír d'Airteagal 13(4) agus in Airteagal 14(1) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 11(2), an dara fomhír d’Airteagal 13(4) agus Airteagal 14(1) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid ina choinne curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 18*

*Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 595/2009*

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 mar a leanas:

(1) in Airteagal 2, cuirtear an abairt seo a leanas leis an gcéad fhomhír :

‘Beidh feidhm aige freisin, chun críocha Airteagal 5a, Airteagal 5b agus Airteagal 5c, maidir le feithiclí chatagóir $O_3$ agus chatagóir $O_4$.’;

(2) cuirtear na hAirteagail seo a leanas isteach:

'*Airteagal 5a*

*Ceanglais shonracha ar mhonaróirí maidir le feidhmíocht chomhshaoil feithiclí chatagóirí $M_2$, $M_3$, $N_2$, $N_3$, $O_3$ agus $O_4$*

1. Áiritheoidh na monaróirí go gcomhlíonfar na ceanglais a leanas le feithiclí nua chatagóir $O_3$ agus chatagóir $O_4$ a dhíolfar, a chlárófar nó a chuirfear i seirbhís:

   (a) déanfar tionchar na bhfeithiclí sin ar na hastaíochtaí $CO_2$, ídiú fuinnimh, ídiú leictreachais agus raon tiomána astaíochtaí nialasacha mótarfheithiclí a chinneadh i gcomhréir leis an modheolaíocht dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 5c;

   (b) feisteofar iad le feistí infheithicle chun faireachán agus taifeadadh a dhéanamh ar an bpálasta i gcomhréir leis na ceanglais dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 5c.

2. Áiritheoidh na monaróirí go ndéanfar feithiclí nua chatagóirí $M_2$, $M_3$, $N_2$ agus $N_3$ a dhíolfar, a chlárófar nó a chuirfear i seirbhís a fheistiú le feistí infheithicle chun faireachán agus taifeadadh a dhéanamh ar ídiú breosla agus/nó fuinnimh, pálasta agus míleáiste i gcomhréir leis na ceanglais dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 5c.

   Áiritheoidh siad freisin go ndéanfar raon tiomána astaíochtaí nialasacha agus ídiú leictreachais na bhfeithiclí sin a chinneadh i gcomhréir leis an modheolaíocht dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 5(c).

*Airteagal 5b*

*Ceanglais shonracha ar na Ballstáit maidir le feidhmíocht chomhshaoil fheithiclí chatagóirí $M_2$, $M_3$, $N_2$, $N_3$, $O_3$ agus $O_4$*

1. I gcomhréir leis na bearta cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 5c, diúltóidh na húdaráis náisiúnta cineálcheadú CE nó cineálcheadú náisiúnta a dheonú i dtaca le cineálacha feithiclí nua chatagóirí $M_2$, $M_3$, $N_2$, $N_3$, $O_3$ agus $O_4$ nach gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach sna bearta cur chun feidhme sin leo.

2. I gcomhréir leis na bearta cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 5c, toirmeascfaidh na húdaráis náisiúnta díol, clárú nó teacht i seirbhís feithiclí nua chatagóirí $M_2$, $M_3$, $N_2$, $N_3$, $O_3$ agus $O_4$ nach gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach sna bearta cur chun feidhme sin leo.

*Airteagal 5c*

*Bearta i gcomhair gnéithe áirithe chun feidhmíocht chomhshaoil feithiclí chatagóirí $M_2$, $M_3$, $N_2$, $N_3$, $O_3$ agus $O_4$ a chinneadh*

Faoin 31 Nollaig 2021, déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na bearta a leanas a ghlacadh:

(a) modheolaíocht chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht feithiclí chatagóir $O_3$ agus chatagóir $O_4$ maidir lena dtionchar ar astaíochtaí $CO_2$, ídiú breosla, ídiú leictreachais agus raonta tiomána astaíochtaí nialasacha mótarfheithiclí;

(b) ceanglais theicniúla maidir le feistí infheithicle a fheistiú chun faireachán agus taifeadadh a dhéanamh ar ídiú breosla agus/nó fuinnimh agus míleáiste mótarfheithiclí chatagóirí $M_2$, $M_3$, $N_2$ agus $N_3$, agus chun pálasta nó meáchan iomlán feithiclí lena gcomhlíontar na saintréithe a leagtar amach i bpointe (a), (b), (c) nó (d) den chéad fhomhír d'Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2019/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[*+] agus a gcónaisc le feithiclí chatagóir $O_3$ agus chatagóir $O_4$, lena n-áirítear tarchur sonraí idir feithiclí laistigh de chónasc, a chinneadh agus a thaifeadadh, de réir mar is gá;

(c) modheolaíocht chun raon tiomána astaíochtaí nialasacha agus ídiú fuinnimh feithiclí nua chatagóirí $M_2$, $M_3$, $N_2$ agus $N_3$ a chinneadh.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 13a.

---

[*] Rialachán (AE) 2019/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an … lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ d'fheithiclí nua tromshaothair agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 595/200 agus (AE) 2018/956agus Treoir 96/53/CE (IO L …, …, lch. …).";

---

[+] Nóta do IO: Cuirtear isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá sa doiciméad seo (2018/0143 (COD) - pe 60/19), agus críochnaigh an fonóta comhfhreagrach.

(3) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

‘*Airteagal 13a*

*Nós imeachta coiste*

1. Déanfaidh an Coiste Teicniúil maidir le Mótarfheithiclí, a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*, cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás nach dtugann an Coiste aon tuairim, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag an tríú fomhír d’Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

______________

* Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE (IO L 151, 14.6.2018, lch. 1).’.

*Airteagal 19*

*Leasuithe ar Rialachán (AE) 2018/956*

Leasaítear Rialachán (AE) 2018/956 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

'*Airteagal 3*

*Sainmhínithe*

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe a leagtar amach i dTreoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*, i Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 agus i Rialachán (AE) 2019/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**+.

---

* Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meán Fómhair 2007 lena mbunaítear creat chun mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá beartaithe le haghaidh feithiclí den sórt sin a cheadú (Treoir Réime) (IO L 263, 9.10.2007, lch. 1).

** Rialachán (AE) 2019/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an … lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ d'fheithiclí nua tromshaothair agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 595/200 agus (AE) 2018/956agus Treoir 96/53/CE (IO L …, …, lch. …).';

---

\+ Nóta do IO: Cuirtear isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá sa doiciméad seo (2018/0143 (COD) - pe 60/19), agus críochnaigh an fonóta comhfhreagrach.

(2) in Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Ón 1 Eanáir 2019 ar aghaidh, déanfaidh na Ballstáit faireachán ar na sonraí a shonraítear i gCuid A d’Iarscríbhinn I maidir le feithiclí nua tromshaothair a chláraítear san Aontas den chéad uair.

Faoin 30 Meán Fómhair gach bliain, ó 2020 ar aghaidh, tuairisceoidh údaráis inniúla na mBallstát sonraí na tréimhse tuairiscithe roimhe sin (an 1 Iúil go dtí an 30 Meitheamh) don Choimisiún i gcomhréir leis an nós imeachta tuairiscithe a leagtar amach in Iarscríbhinn II.

I ndáil le 2019, áireofar sna sonraí a thuairisceofar faoin 30 Meán Fómhair 2020 na sonraí a ndearnadh faireachán orthu ón 1 Eanáir 2019 go dtí an 30 Meitheamh 2020.

Ní dhéanfar faireachán ná tuairisciú ar shonraí maidir le feithiclí nua tromshaothair a cláraíodh roimhe lasmuigh den Aontas, ach amháin i gcás ina ndearnadh an clárú sin tráth is lú ná trí mhí roimh an gclárú san Aontas.’;

(3) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Ó na túsbhlianta a leagtar amach i bpointe 1 de Chuid B d’Iarscríbhinn I amach, déanfaidh monaróirí feithiclí tromshaothair faireachán ar na sonraí a shonraítear i bpointe 2 de Chuid B d’Iarscríbhinn I, i gcás gach feithicle nua tromshaothair.

Faoin 30 Meán Fómhair gach bliain, ó na túsbhlianta a leagtar amach i bpointe 1 de Chuid B d'Iarscríbhinn I amach, déanfaidh monaróirí feithiclí tromshaothair na sonraí sin a thuairisciú, i gcás gach feithicle nua tromshaothair le dáta ionsamhlúcháin sa tréimhse tuairiscithe roimhe sin (an 1 Iúil go dtí an 30 Meitheamh), don Choimisiún i gcomhréir leis an nós imeachta tuairiscithe a leagtar amach in Iarscríbhinn II.

I ndáil le 2019, tuairisceoidh monaróirí na sonraí maidir le gach feithicil nua tromshaothair lena ngabhfaidh dáta ionsamhlúcháin a bheidh sa tréimhse ón 1 Eanáir 2019 go dtí an 30 Eanáir 2020.

Is é an dáta ionsamhlúcháin an dáta a thuairisceofar i gcomhréir le hiontráil sonraí 71 i bpointe 2 de Chuid B d'Iarscríbhinn I.';

(4) in Airteagal 10, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Faoin 30 Aibreán gach bliain, foilseoidh an Coimisiún tuarascáil bhliantúil lena anailís ar na sonraí a tharchuir na Ballstáit agus na monaróirí don tréimhse tuairiscithe roimhe sin.';

(5) in Iarscríbhinn II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3.2:

'3.2. Cuirfear na sonraí maidir le feithiclí tromshaothair arna gclárú sa tréimhse tuairiscithe roimhe sin agus arna dtaifeadadh sa Chlár ar fáil don phobal faoin 30 Aibreán gach bliain, ó 2021 amach, cé is moite de na hiontrálacha sonraí sin a shonraítear in Airteagal 6(1).'.

*Airteagal 20*

*Leasuithe ar Threoir 96/53/CE*

Leasaítear Treoir 96/53/CE mar a leanas:

(1) in Airteagal 2, cuirtear an sainmhíniú seo a leanas isteach i ndiaidh an tsainmhínithe ar ‘fheithicil a úsáideann breoslaí malartacha’:

“- ciallaíonn ‘feithicil astaíochtaí nialasacha’ ‘feithicil tromshaothair astaíochtaí nialasacha’ mar a shainmhínítear i bpointe (11) d’Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2019/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[*+],

---

[*] Rialachán (AE) 2019/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an … lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ d'fheithiclí nua tromshaothair agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 595/200 agus (AE) 2018/956 agus Treoir 96/53/CE (IO L …, …, lch. …).”;

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10b:

‘*Airteagal 10b*

Is iad meáchain údaraithe uasta na bhfeithiclí a úsáideann breoslaí malartacha nó na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha iad sin a leagtar amach i bpointí 2.2.1, 2.2.2, 2.2.3, 2.2.4, 2.3.1, 2.3.2 agus 2.4 d’Iarscríbhinn I.

---

[+] Nóta do IO: Cuirtear isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá sa doiciméad seo (2018/0143 (COD) - pe 60/19), agus críochnaigh an fonóta comhfhreagrach.

Leis na feithiclí a úsáideann breoslaí malartacha nó na feithiclí astaíochtaí nialasacha, comhlíonfar freisin na teorainneacha maidir le meáchain údaraithe uasta na n-acastóirí a leagtar amach i bpointe 3 d'Iarscríbhinn I.

Is ar bhonn na doiciméadachta arna soláthar ag an monaróir tráth a fhormheasfar an fheithicil lena mbaineann a shaineofar an meáchan breise a bhfuil gá leis ag feithiclí a úsáideann breoslaí malartacha nó feithiclí astaíochtaí nialasacha. Léireofar an meáchan breise sin sa chruthúnas oifigiúil atá ag teastáil i gcomhréir le hAirteagal 6.

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10h chun an liosta de bhreoslaí malartacha dá dtagraítear in Airteagal 2 a bhfuil gá le meáchan breise acu a nuashonrú, chun críocha na Treorach seo. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go leanfaidh an Coimisiún dá ghnáthchleachtas agus go rachaidh sé i mbun comhairliúcháin le saineolaithe, lena n-áirítear saineolaithe ó na Ballstáit, sula nglacfaidh sé na gníomhartha tarmligthe sin.';

(3) leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(a) cuirtear an fhomhír seo a leanas leis an dara colún de phointí 2.2.1, 2.2.2, 2.2.3 agus 2.2.4 agus lena bhfophointí chomh maith:

'I gcás cónaisc feithiclí, lena n-áirítear feithiclí a úsáideann breoslaí malartacha nó feithiclí astaíochtaí nialasacha, méadófar na meáchain údaraithe uasta dá bhforáiltear sa roinn seo faoi mheáchan breise an bhreosla mhalartaigh nó na teicneolaíochta astaíochtaí nialasacha le huasmhéid 1 tonna agus 2 thonna faoi seach.';

(b) cuirtear an fhomhír a leanas leis an dara colún de phointe 2.3.1:

‘Feithiclí astaíochtaí nialasacha: méadaítear an meáchan údaraithe uasta 18 dtonna faoi mheáchan breise na teicneolaíochta astaíochtaí nialasacha le huasmhéid 2 thonna.’;

(c) cuirtear an fhomhír seo a leanas leis an tríú colún de phointe 2.3.2:

‘Feithiclí astaíochtaí nialasacha trí acastóir: méadaítear an meáchan údaraithe uasta 25 thonna, nó 26 thonna i gcás inar feistíodh an t-acastóir tiomána le boinn dhúbailte agus aerchrochadh nó crochadh a aithnítear mar a chomhionann laistigh den Aontas mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn II, nó i gcás inar feistíodh gach acastóir tiomána le boinn dhúbailte agus nach mó ná 9.5 tonna meáchan uasta gach ceann de na hacastóirí, faoi mheáchan breise na teicneolaíochta astaíochtaí nialasacha le huasmhéid 2 thonna.’;

(d) cuirtear an fhomhír seo a leanas leis an tríú colún de phointe 2.4:

‘Busanna trí acastóir ar feithiclí astaíochtaí nialasacha iad: méadaítear an meáchan údaraithe uasta 28 dtonna faoi mheáchan breise theicneolaíocht na n-astaíochtaí nialasacha le huasmhéid 2 thonna.’.

*Airteagal 21*

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa ...,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

# IARSCRÍBHINN I

Meánastaíochtaí sonracha $CO_2$, an spriocanna i leith astaíochtaí sonracha $CO_2$ agus na hastaíochtaí $CO_2$ iomarcacha

## 1. FOGHRÚPAÍ FEITHICLE

Déanfar gach feithicil nua tromshaothair a shannadh chuig ceann de na foghrúpaí feithiclí arna sainmhíniú i dTábla 1 i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach sa tábla sin.

Tábla 1 – Foghrúpaí feithicle (*sg*)

| Feithiclí tromshaothair | Cineál cábáin | Cumhacht innill | Foghrúpa feithicle (*sg*) |
|---|---|---|---|
| Leoraithe dochta a bhfuil cumraíocht acastóirí 4x2 acu agus uasmhais ualaithe atá incheadaithe go teicniúil > 16 thonna | Gach ceann | <170 kW | 4-UD |
| | Cábán lae | ≥170 kW | 4-RD |
| | Cábán codlata | ≥170 kW agus <265 kW | |
| | Cábán codlata | ≥265 kW | 4-LH |
| Leoraithe dochta a bhfuil cumraíocht acastóirí 6x2 acu | Cábán lae | Gach ceann | 9-RD |
| | Cábán codlata | | 9-LH |
| Tarracóirí a bhfuil cumraíocht acastóirí 4x2 acu agus uasmhais ualaithe atá incheadaithe go teicniúil >16 thonna | Cábán lae | Gach ceann | 5-RD |
| | Cábán codlata | < 265 kW | |
| | Cábán codlata | ≥ 265 kW | 5-LH |
| Tarracóirí a bhfuil cumraíocht acastóirí 6x2 acu | Cábán lae | Gach ceann | 10-RD |
| | Cábán codlata | | 10-LH |

Ciallaíonn "cábán codlata" cineál cábáin a bhfuil urrann taobh thiar de shuíochán an tiománaí atá ceaptha lena húsáid don chodladh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/956.

Ciallaíonn "cábán lae" cineál cábáin nach cábán codlata é.

Mura féidir feithicil nua tromshaothair a shannadh chuig foghrúpa feithicle toisc nach bhfuil faisnéis faoin gcineál cábáin nó faoi chumhacht an innill ar fáil, sannfar é don fhoghrúpa cianaistir (LH) a fhreagraíonn dá chineál fonnaidh (leoraí docht nó tarracóir) agus cumraíocht acastóirí (4x2 nó 6x2).

I gcás ina sanntar feithicil nua tromshaothair d'fhoghrúpa feithiclí 4-UD, ach nach bhfuil sonraí faoi na hastaíochtaí $CO_2$ in g/km ar fáil don phróifíl mhisin UDL nó UDR a shainmhínítear i dTábla 2 de pointe 2.1, sannfar an fheithicil nua tromshaothair d'fhoghrúpa feithiclí 4-RD.

2. MEÁNASTAÍOCHTAÍ SONRACHA $CO_2$ MONARÓRA

2.1 Astaíochtaí sonracha $CO_2$ feithicle nua tromshaothair

Déanfar na hastaíochtaí sonracha $CO_2$ in g/km ($CO2_v$) atá ag feithicil nua tromshaothair *v* atá sannta d'fhoghrúpa feithiclí *sg* a ríomh i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$CO_{2^v} = \sum_{mp} W_{sg,mp} \times CO_{2^{v,mp}}$$

i gcás inarb é:

$\sum mp$ = an tsuim thar gach próifíl mhisin *mp* a liostaítear i dTábla 2;

*sg* = an foghrúpa feithiclí dár sannadh an+ fheithicil nua tromshaothair *v* i gcomhréir le pointe 1 den Iarscríbhinn seo;

$W_{sg,mp}$ = ualú na próifíle misin a shonraítear i dTábla 2;

$CO2_{v,mp}$ = astaíochtaí $CO_2$ in g/km feithicle nua tromshaothair *v* arna gcinneadh do phróifíl mhisin *mp* agus arna tuairisciú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/956**.**

Socrófar astaíochtaí sonracha $CO_2$ feithicle tromshaothair astaíochtaí nialasacha ag 0 g $CO_2$/km.

Beidh astaíochtaí sonracha $CO_2$ feithicle seirbhíse cothrom le meán na n-astaíochtaí $CO_2$ in g/km arna dtuairisciú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/956.

Tábla 2 - Ualaí na bpróifílí misin ($W_{sg,mp}$)

| Foghrúpa feithicle (*sg*) | Próifíl mhisin[1] (*mp*) | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | RDL | RDR | LHL | LHR | UDL | UDR | REL, RER, LEL, LER |
| 4-UD | 0 | 0 | 0 | 0 | 0,5 | 0,5 | 0 |
| 4-RD | 0,45 | 0,45 | 0,05 | 0,05 | 0 | 0 | 0 |
| 4-LH | 0,05 | 0,05 | 0,45 | 0,45 | 0 | 0 | 0 |
| 9-RD | 0,27 | 0,63 | 0,03 | 0,07 | 0 | 0 | 0 |
| 9-LH | 0,03 | 0,07 | 0,27 | 0,63 | 0 | 0 | 0 |
| 5-RD | 0,27 | 0,63 | 0,03 | 0,07 | 0 | 0 | 0 |
| 5-LH | 0,03 | 0,07 | 0,27 | 0,63 | 0 | 0 | 0 |
| 10-RD | 0,27 | 0,63 | 0,03 | 0,07 | 0 | 0 | 0 |
| 10-LH | 0,03 | 0,07 | 0,27 | 0,63 | 0 | 0 | 0 |

Sainmhínithe ar phróifílí misin

| | |
|---|---|
| RDL | Seachadadh réigiúnach le pálasta íseal |
| RDR | Seachadadh réigiúnach le pálasta ionadaíoch |
| LHL | Cianaistear le pálasta íseal |
| LHR | Cianaistear le pálasta ionadaíoch |
| UDL | Seachadadh uirbeach le pálasta íseal |
| UDR | Seachadadh uirbeach le pálasta ionadaíoch |
| REL | Seachadadh réigiúnach (EMS) le pálasta íseal |
| RER | Seachadadh réigiúnach (EMS) le pálasta ionadaíoch |
| LEL | Cianaistear (EMS) le pálasta íseal |
| LER | Cianaistear (EMS) le pálasta ionadaíoch |

2.2 Meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ gach feithicle nua tromshaothair i bhfoghrúpa feithiclí le haghaidh monaróra

Le haghaidh gach monaróra agus gach tréimhse tuairiscithe, déanfar meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ in g/tkm $(avgCO_{2^{sg}})$ atá ag gach feithicil nua tromshaothair i bhfoghrúpa feithiclí *sg* a ríomh mar seo a leanas:

$$avgCO_{2^{sg}} = \frac{\sum_v CO_{2^v}}{V_{sg} \times PL_{sg}}$$

i gcás inarb é:

$\sum v$ = suim thar gach feithicil nua tromshaothair an mhonaróra i bhfoghrúpa feithiclí *sg* seachas gach feithicil seirbhíse, i gcomhréir le pointe (a) den chéad mhír d’Airteagal 4;

$CO2_v$ = astaíochtaí sonracha $CO_2$ feithicle nua tromshaothair *v* arna gcinneadh i gcomhréir le pointe 2.1;

$V_{sg}$ = líon na bhfeithiclí nua tromshaothair atá ag an monaróir i bhfoghrúpa feithiclí *sg*, seachas feithiclí seirbhíse, i gcomhréir le pointe (a) den chéad mhír d’Airteagal 4;

$PL_{sg}$ = meán-phálasta na bhfeithiclí i bhfoghrúpa *sg* mar a chinntear i bpointe 2.5 é.

2.3 An fachtóir astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle dá dtagraítear in Airteagal 5

2.3.1 Tréimhsí tuairiscithe 2019 go 2024

Le haghaidh gach monaróra agus gach tréimhse tuairiscithe ó 2019 go dtí 2024, déanfar an fachtóir astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle (ZLEV) dá dtagraítear in Airteagal 5 a ríomh mar seo a leanas:

$$ZLEV = V / (Vconv + Vzlev) \qquad \text{le híosluach } 0.97$$

i gcás inarb é,

V = líon na bhfeithiclí nua tromshaothair atá ag an monaróir a chomhlíonann na saintréithe a leagtar amach sa chéad fhomhír d'Airteagal 2(1), seachas feithiclí seirbhíse, i gcomhréir le pointe (a) den chéad mhír d'Airteagal 4;

Vconv = líon na bhfeithiclí nua tromshaothair atá ag an monaróir a chomhlíonann na saintréithe a leagtar amach sa chéad fhomhír d'Airteagal 2(1), seachas feithiclí seirbhíse, i gcomhréir le pointe (a) den chéad mhír d'Airteagal 4 agus diomaite de gach feithicil tromshaothair astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle;

Vzlev = suim Vin agus Vout,

i gcás inarb é:

Vin $\sum_v (1+ (1 - CO2_v/LET_{sg}))$

agus $\Sigma_v$ cothrom leis an tsuim thar gach feithicle tromshaothair astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle nua a chomhlíonann na saintréithe a leagtar amach sa chéad fhomhír d'Airteagal 2(1);

$CO2_v$ = astaíochtaí sonracha $CO_2$ in g/km feithicle *v* tromshaothair astaíochtaí nialasacha nó astaíochtaí ísle arna gcinneadh i gcomhréir le pointe 2.1;

$LET_{sg}$ = tairseach astaíochtaí ísle fhoghrúpa feithiclí *sg* lena mbaineann an fheithicil *v* mar a shainmhínítear i bpointe 2.3.3;

Vout = líon iomlán na bhfeithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha atá nuachláraithe dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 2(1), iolraithe faoi 2, agus le huasmhéid 1,5 % de Vconv.

2.3.2 Tréimhsí tuairiscithe ó 2025 ar aghaidh

Le haghaidh gach monaróra agus gach tréimhse tuairiscithe, déanfar an fachtóir astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle (ZLEV) dá dtagraítear in Airteagal 5 a ríomh mar a leanas:

$ZLEV = 1 - (y - x)$ ach amháin más mó an tsuim sin ná 1 nó más lú ná 0,97 í agus, sa chás sin, socrófar an fachtóir ZLEV ag 1 nó 0,97, de réir mar is cuí

i gcás inarb é,

x = 0.02

y = suim Vin agus Vout, arna roinnt ar Vtotal, i gcás inarb é:

Vin = líon iomlán na bhfeithiclí tromshaothair astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha nuachláraithe a comhlíonann na saintréithe a leagtar amach sa chéad fhomhír d'Airteagal 2(1), i gcás ina gcomhairtear iad mar ZLEVsonrach i gcomhréir leis an bhfoirmle anseo thíos:

ZLEVspecific = 1 - (CO2v / $LET_{sg}$)

i gcás inarb é:

$CO2_v$ = astaíochtaí sonracha $CO_2$ in g/km feithicle *v* tromshaothair astaíochtaí nialasacha nó astaíochtaí ísle arna gcinneadh i gcomhréir le pointe 2.1.;

$LET_{sg}$ = tairseach astaíochtaí ísle fhoghrúpa feithiclí *sg* lena mbaineann an fheithicil *v* mar a shainmhínítear i bpointe 2.3.3;

Vout = líon iomlán na bhfeithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 2(1), agus le huasmhéid 0.035% de Vtotal;

Vtotal = líon iomlán na bhfeithiclí nua tromshaothairchláraithe atá ag an monaróir sa tréimhse sin.

I gcás inar lú Vin/Vtotal ná 0.0075, socrófar an fachtóir ZLEV ag 1.

2.3.3 Tairseach na n-astaíochtaí ísle

Sainmhínítear tairseach astaíochtaí ísle LET $_{sg}$ fhoghrúpa feithiclí *sg* mar a leanas:

$$LET_{sg} = (rCO2_{sg} \times PL_{sg}) / 2$$

i gcás inarb é,

$rCO2_{sg}$ = astaíochtaí tagartha $CO_2$ fhoghrúpa feithiclí *sg*, mar a chinntear i bpointe 3 é;

$PL_{sg}$ = meán-phálasta na bhfeithiclí fhoghrúpa feithiclí *sg*, mar a chinntear i bpointe 2.5 é.

2.4 Sciar an mhonaróra d'fheithiclí nua tromshaothair i bhfoghrúpa feithiclí

Le haghaidh gach monaróra agus gach tréimhse tuairiscithe, déanfar sciar $share_{sg}$ na bhfeithiclí nua tromshaothair i bhfoghrúpa feithiclí *sg* a ríomh mar a leanas:

$$share_{sg} = \frac{V_{sg}}{V}$$

i gcás inarb é:

$V_{sg}$ = líon na bhfeithiclí nua tromshaothair atá ag an monaróir i bhfoghrúpa feithiclí *sg* seachas gach feithicil seirbhíse i gcomhréir le pointe (a) den chéad mhír d'Airteagal 4;

V = líon na bhfeithiclí nua tromshaothair atá ag an monaróir, seachas feithiclí seirbhíse, i gcomhréir le pointe (a) den chéad mhír d'Airteagal 4.

2.5 Meánluachanna pálasta gach feithicle i bhfoghrúpa feithiclí

Déanfar meánluach pálasta $PL_{sg}$ feithicle i bhfoghrúpa feithiclí *sg* a ríomh mar a leanas:

$$PL_{sg} = \sum_{mp} W_{sg,mp} \times PL_{sg,mp}$$

i gcás inarb é:

$\Sigma_{mp}$ = an tsuim thar gach próifíl mhisin *mp;*

$W_{sg,mp}$ = ualú na próifíle misin a shonraítear i dTábla 2 faoi phointe 2.1;

$PL_{sg,mp}$ = an luach pálasta arna shannadh do na feithiclí i bhfoghrúpa feithiclí *sg* don phróifíl mhisin *mp*, mar a shonraítear i dTábla 3.

Tábla 3 – Luachanna pálasta $PL_{sg,\ mp}$ (i dtonnaí)

| Foghrúpa feithicle *sg* | Próifíl mhisin[1] (*mp*) | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | RDL | RDR | LHL | LHR | UDL | UDR | REL | RER | LEL | LER |
| 4-UD<br>4-RD<br>4-LH | 0,9 | 4,4 | 1,9 | 14 | 0,9 | 4,4 | 3,5 | 17,5 | 3,5 | 26,5 |
| 5-RD<br>5-LH | 2,6 | 12,9 | 2,6 | 19,3 | 2,6 | 12,9 | 3,5 | 17,5 | 3,5 | 26,5 |
| 9-RD<br>9-LH | 1,4 | 7,1 | 2,6 | 19,3 | 1,4 | 7,1 | 3,5 | 17,5 | 3,5 | 26,5 |
| 10-RD<br>10-LH | 2,6 | 12,9 | 2,6 | 19,3 | 2,6 | 12,9 | 3,5 | 17,5 | 3,5 | 26,5 |

1 Féach na sainmhínithe ar na próifílí misin faoi Thábla 2 de phointe 2.1

2.6 Fachtóir an mhíleáiste agus an ualaithe pálasta

Sainmhínítear fachtóir míleáiste agus ualaithe pálasta ($MPW_{sg}$) fhoghrúpa feithiclí *sg* mar thoradh ar an míleáiste bliantúil a shonraítear i dTábla 4 agus an luach pálasta de réir foghrúpa feithiclí a shonraítear i dTábla 3 de phointe 2.5, arna normalú go dtí an luach faoi seach d'fhoghrúpa feithiclí 5-LH, agus déanfar é a ríomh mar seo a leanas:

$$MPW_{sg} = \frac{(AM_{sg} \times PL_{sg})}{(AM_{5-LH} \times PL_{5-LH})}$$

i gcás inarb é:

$AM_{sg}$ = an míleáiste bliantúil arna sonrú i dTábla 4 do na feithiclí san fhoghrúpa feithiclí faoi seach;

$AM_{5\text{-}LH}$ = an míleáiste bliantúil arna sonrú d'fhoghrúpa feithiclí 5-LH i dTábla 4;

$PL_{sg}$ = an meánluach pálasta mar a chinntear i bpointe 2.5 é;

$PL_{5\text{-}LH}$ = an meánluach pálasta d'fhoghrúpa feithiclí 5-LH mar a chinntear i bpointe 2.5 é.

Tábla 4 – Míleáistí bliantúla

| Foghrúpa feithicle *sg* | Míleáiste bliantúil $AM_{sg}$ (in km) |
|---|---|
| 4-UD | 60 000 |
| 4-RD | 78 000 |
| 4-LH | 98 000 |
| 5-RD | 78 000 |
| 5-LH | 116 000 |
| 9-RD | 73 000 |
| 9-LH | 108 000 |
| 10-RD | 68 000 |
| 10-LH | 107 000 |

2.7 Meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ in g/tkm monaróra dá dtagraítear in Airteagal 4

Le haghaidh gach monaróra agus gach *tréimhse tuairiscithe*, déanfar meánastaíochtaí sonracha (*CO2*) in g/tkm ($CO_2$) a ríomh mar a leanas:

$$CO_2 = ZLEV \times \sum_{sg} share_{sg} \times MPW_{sg} \times avgCO_{2}{}^{sg}$$

i gcás inarb é:

$\sum_{sg}$ = an tsuim thar gach foghrúpa feithiclí;

*ZLEV* = an fachtóir astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle mar a chinntear i bpointe 2.3 í

$share_{,sg}$ = an sciar d'fheithiclí nua tromshaothair i bhfoghrúpa feithiclí *sg* mar a chinntear i bpointe 2.4 é;

$MPW_{sg}$ = fachtóir an mhíleáiste agus an ualaithe pálasta mar a chinntear i bpointe 2.6 é;

$avgCO2_{sg}$ = meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ in g/tkm mar a chinntear i bpointe 2.2 iad.

3. NA hASTAÍOCHTAÍ TAGARTHA $CO_2$ DÁ dTAGRAÍTEAR SA DARA FOMHÍR D'AIRTEAGAL 1

Déanfar na hastaíochtaí tagartha $CO_2$ ($rCO2_{sg}$) a ríomh do gach foghrúpa feithiclí *sg* ar bhonn gach feithicle nua tromshaothair atá ag gach monaróir sa tréimhse tuairiscithe mar a leanas:

$$rCO2_{sg} = \frac{\sum_v (CO2_v / PL_{sg})}{rV_{sg}}$$

i gcás inarb é:

$\Sigma_v$ = an tsuim thar gach feithicil nua tromshaothair arna clárú sa tréimhse tuairiscithe i bhfoghrúpa feithiclí *sg,* seachas feithiclí seirbhíse, i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 1;

$CO2_v$ = astaíochtaí sonracha $CO_2$ na feithicle nua tromshaothair *v* arna gcinneadh i gcomhréir le pointe 2.1, arna gcoigeartú, más infheidhme, de bhun Iarscríbhinn II;

$rV_{sg}$ = líon na bhfeithiclí nua tromshaothair arna gclárú sa tréimhse tuairiscithe i bhfoghrúpa feithiclí *sg,* seachas feithiclí seirbhíse, i gcomhréir leis an dara mír d'Airteagal 1;

$PL_{sg}$ = meán-phálasta na bhfeithiclí i bhfoghrúpa feithiclí *sg* mar a chinntear i bpointe 2.5 é.

4. SPRIOC I LEITH ASTAÍOCHTAÍ SONRACHA $CO_2$ MONARÓRA DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 6

Le haghaidh gach monaróra agus gach tréimhse tuairiscithe, ón 1 Iúil 2025 ar aghaidh, déanfar an sprioc i leith astaíochtaí sonracha $CO_2$ *T* á ríomh mar seo a leanas:

$$T = \sum_{sg} share_{sg} \times MPW_{sg} \times (1 - rf) \times rCO2_{sg}$$

i gcás inarb é,

$\sum_{sg}$ = an tsuim thar gach foghrúpa feithiclí;

$share_{sg}$ = sciar na bhfeithiclí nua tromshaothair i bhfoghrúpa feithiclí *sg* mar a chinntear i bpointe 2.4 é;

$MPW_{sg}$ = fachtóir an mhíleáiste agus an ualaithe pálasta mar a chinntear i bpointe 2.6 é;

$rf$ = an sprioc maidir le laghdú ar astaíochtaí $CO_2$ (in %) is infheidhme don tréimhse tuairiscithe ar leith sin;

$rCO2_{sg}$ = na hastaíochtaí tagartha $CO_2$ mar a chinntear i pointe 3 iad.

5. CREIDMHEASANNA ASTAÍOCHTA AGUS FIACHA ASTAÍOCHTA DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 7

5.1 An chonair laghdaithe astaíochtaí $CO_2$ le haghaidh creidmheasanna astaíochta

Le haghaidh gach monaróra agus gach thréimhse tuairiscithe na mblianta Y ó 2019 go 2030, sainítear conair laghdaithe astaíochtaí $CO_2$ ($ET_Y$) mar a leanas:

$$ET_Y = \sum_{sg} share_{sg} \times MPW_{sg} \times R\text{-}ET_Y \times rCO2_{sg}$$

i gcás inarb é:

$\Sigma_{sg}$ (…). = an tsuim thar gach foghrúpa feithiclí;

$share_{sg.}$ = sciar na bhfeithiclí nua tromshaothair i bhoghrúpa feithiclí *sg* mar a chinntear i bpointe 2.4 é;

$MPW_{sg}$ = an fachtóir mileáiste agus ualaithe pálasta mar a chinntear i bpointe 2.6 é;

$rCO2_{sg}$.= na hastaíochtaí tagartha $CO_2$ mar a chinntear i pointe 3 iad;

i gcás inarb é,

le haghaidh thréimhsí tuairiscithe na mblianta Y ó 2019 go 2025:

$$R\text{-}ET_Y = (1 - rf_{2025}) + rf_{2025} \times (2025 - Y)/6$$

agus, le haghaidh thréimhsí tuairiscithe na mblianta Y ó 2026 go 2030:

$$\text{R-ET}_Y = (1 - \text{rf}_{2030}) + (\text{rf}_{2030} - \text{rf}_{2025}) \times (2030 - Y)/5$$

is iad $rf_{2025}$ agus $rf_{2030}$ na spriocanna maidir le laghdú ar astaíochtaí $CO_2$ (in %) is infheidhme le haghaidh thréimhsí tuairiscithe na mblianta 2025 agus 2030, faoi seach.

5.2 Creidmheasanna astaíochta agus fiacha astaíochta i ngach tréimhse tuairiscithe

Le haghaidh gach monaróra agus gach thréimhse tuairiscithe na mblianta Y ó 2019 go 2029, déanfar na creidmheasanna astaíochta ($cCO2_Y$) agus na fiacha astaíochta ($dCO2_Y$) a ríomh mar a leanas:

Má tá $CO2_Y < ET_Y$:

$cCO2_Y = (ET_Y – CO2_Y) \times V_Y$ agus

$dCO2_Y = 0$

Má tá $CO2_Y > T_Y$ do na blianta 2025 go 2029:

$dCO2_Y = (CO2_Y - T_Y) \times V_Y$ agus

$cCO2_Y = 0$

I ngach cás eile socraítear $dCO2_Y$ agus cCO2Y ag 0.

i gcás inarb é,

$ET_{Y}$.= conair laghdaithe astaíochtaí $CO_2$ an mhonaróra i dtréimhse tuairiscithe na bliana Y arna cinneadh i gcomhréir le pointe 5.1;

$CO2_{Y}$.= na meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ an mhonaróra i dtréimhse tuairiscithe na bliana Y arna gcinneadh i gcomhréir le pointe 2.7;

$T_{Y}$.= sprioc i leith astaíochtaí sonracha $CO_2$ an mhonaróra sa tréimhse tuairiscithe don bhliain Y arna cinneadh i gcomhréir le pointe 4;

$V_{Y.=}$ líon na bhfeithiclí nua tromshaothair atá ag an monaróir sa tréimhse tuairiscithe don bhliain Y, seachas feithiclí seirbhíse, i gcomhréir le pointe (a) den chéad mhír d'Airteagal 4.

5.3 An teorainn maidir le fiach astaíochta

Le haghaidh gach monaróra sainmhínítear an teorainn maidir le fiach astaíochta ($limCO_2$) mar a leanas:

$$limCO2 = T_{2025} \times 0{,}05 \times V_{2025}$$

i gcás inarb é,

$T_{2025}$.= sprioc i leith astaíochtaí sonracha $CO_2$ an mhonaróra i dtréimhse tuairiscithe na bliana 2025 arna cinneadh i gcomhréir le pointe 4;

$V_{2025}$ = líon na bhfeithiclí nua tromshaothair atá ag an monaróir i dtréimhse tuairiscithe na bliana 2025, seachas gach feithicil seirbhíse, i gcomhréir le pointe (a) den chéad mhír d'Airteagal 4.

5.4 Creidmheasanna astaíochta arna bhfáil roimh an mbliain 2025

Na fiacha astaíochta arna bhfáil do thréimhse tuairiscithe na bliana 2025, laghdófar iad faoi mhéid (*redCO2*) a fhreagraíonn do na creidmheasanna astaíochta arna bhfáil roimh an tréimhse tuairiscithe sin, a chinntear le haghaidh gach monaróra mar a leanas:

$$redCO2 = min(dCO2_{2025}; \sum_{Y=2019}^{2024} cCO2_Y)$$

i gcás inarb é,

min= an ceann is lú den dá luach atá tugtha idir na lúibíní;

$\sum_{Y=2019}^{2024}$ .= suim thar thréimhsí tuairiscithe na mblianta Y ó 2019 go 2024;

$dCO2_{2025}$ = na fiacha astaíochta do thréimhse tuairiscithe na bliana 2025 arna gcinneadh i gcomhréir le pointe 5.2;

$cCO2_Y$.= na creidiúintí astaíochta do thréimhse tuairiscithe na bliana Y arna gcinneadh i gcomhréir le pointe 5.2;

6. ASTAÍOCHTAÍ $CO_2$ IOMARCACHA MONARÓRA DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 8(2)

Le haghaidh gach monaróra agus gach tréimhse tuairiscithe ón mbliain 2025 ar aghaidh, ríomhfar luach na n-astaíochtaí $CO_2$ iomarcacha ($exeCO2_Y$) mar a leanas, más luach dearfach atá ann:

Le haghaidh thréimhse tuairiscithe na bliana 2025

$$exeCO2_{2025} = dCO2_{2025} - \sum_{Y=2019}^{2025} cCO2_Y - limCO2$$

Le haghaidh thréimhsí tuairiscithe na mblianta Y ó 2026 go 2028

$$exeCO2_Y = \sum_{I=2025}^{Y} (dCO2_I - cCO2_I) - \sum_{J=2025}^{Y-1} exeCO2_J - redCO2 - limCO2$$

Le haghaidh thréimhse tuairiscithe na bliana 2029

$$exeCO2_Y = \sum_{I=2025}^{Y} (dCO2_I - cCO2_I) - \sum_{J=2025}^{Y-1} exeCO2_J - redCO2 - limCO2$$

Le haghaidh thréimhsí tuairiscithe na mblianta Y ó 2030 ar aghaidh

$$exeCO2_y = (CO2_Y - T_Y) \times V_Y$$

i gcás inarb é,

$\sum_{Y=2019}^{2025}$ = an tsuim thar thréimhsí tuairiscithe na mblianta Y ó 2019 go 2025;

$\sum_{I=2025}^{Y}$ .= an tsuim thar thréimhsí tuairiscithe na mblianta I ó 2025 go dtí an bhliain Y;

$\sum_{J=2025}^{Y-1}$ .= an tsuim thar thréimhsí tuairiscithe na mblianta J ó 2025 go dtí an bhliain (Y-1);

$\sum_{J=2025}^{2028}$ .= an tsuim thar thréimhsí tuairiscithe na mblianta J ó 2025 go 2028;

$\sum_{I=2025}^{2029}$ .= an tsuim thar thréimhsí tuairiscithe na mblianta I ó 2025 go 2029;

$dCO2_{Y}$.= na fiacha astaíochta do thréimhse tuairiscithe na bliana Y arna gcinneadh i gcomhréir le pointe 5.2;

$cCO2_{Y}$.= na creidiúintí astaíochta do thréimhse tuairiscithe na bliana Y arna gcinneadh i gcomhréir le pointe 5.2;

*limCO2*.= teorainn an fhéich astaíochta arna cinneadh i gcomhréir le pointe 5.3;

*redCO2*.= an laghdú ar fhiacha astaíochta thréimhse tuairiscithe na bliana 2025 arna chinneadh i gcomhréir le pointe 5.4.

I ngach cás eile socrófar luach na n-astaíochtaí $CO_2$ iomarcacha $exeCO2_{Y}$ ag 0.

# IARSCRÍBHINN II

Nósanna imeachta do choigeartuithe

1. NA FACHTÓIRÍ COIGEARTAITHE PÁLASTA DÁ DTAGRAÍTEAR I BPOINTE (C) D'AIRTEAGAL 14(1)

Faoi réir phointe (a) d'Airteagal 11(2), chun críocha astaíochtaí tagartha $CO_2$ dá dtagraítear sa dara mír d'Airteagal 1 a ríomh, úsáidfear ualuithe na bpróifílí misin agus na luachanna pálasta is infheidhme don uair sa tréimhse tuairiscithe nuair a thiocfaidh éifeacht leis na hathruithe dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 14(1) le haghaidh gach feithicle nua tromshaothair, agus déanfar astaíochtaí $CO_2$ in g/km feithicle tromshaothair v arna gcinneadh le haghaidh próifíl mhisin *mp* dá dtagraítear i dTábla 2 i bpointe 2.1 d'Iarscríbhinn I a choigeartú mar a leanas:

$$CO2_{v,mp} = CO2(RP)_{v,mp}\ x\ (1 + PLa_{sg,mp}\ x\ (PL_{sg,mp} - PL(RP)_{sg,mp}))$$

i gcás inarb é,

*sg* = an foghrúpa feithiclí lena mbaineann an fheithicil *v*;

$CO2(RP)_{v,mp}$.= astaíochtaí sonracha $CO_2$ na feithicle *v* in g/km, de réir mar a chinntear ar phróifíl mhisin *mp* agus bunaithe ar na sonraí faireacháin […] le haghaidh na tréimhse tagartha arna dtuairisciú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/956;

$PL(RP)_{sg, mp}$.= an luach pálasta, a sannadh d'fheithicil *v* i bhfoghrúpa feithiclí *sg* ar phróifíl mhisin *mp* sa tréimhse tuairiscithe, i gcomhréir le Tábla 3 de phointe 2.5 d'Iarscríbhinn I, chun críocha na sonraí faireacháin le haghaidh na tréimhse tagartha a bhunú, sonraí arna dtuairisciú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/956;

$PL_{sg, mp}$.= an luach pálasta, a sannadh do na feithiclí i bhfoghrúpa feithiclí *sg* ar phróifíl mhisin *mp* sa tréimhse tuairiscithe nuair a thiocfaidh éifeacht leis na hathruithe dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 14(1) le haghaidh gach feithicle nua tromshaothair, i gcomhréir le Tábla 3 i bpointe 2.5 d'Iarscríbhinn I;

$PLa_{sg, mp}$.= an fachtóir coigeartaithe pálasta a shainmhínítear i dTábla 5.

Tábla 5 - Fachtóirí coigeartaithe pálasta $PLa_{sg, mp}$

| $PLa_{sg,mp}$ (in 1/tonna) | | Próifílí misin *mp*[1] | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | RDL, RDR | REL, RER | LHL, LHR | LEL, LER | UDL, UDR |
| Foghrúpaí feithiclí *sg* | 4-UD | 0,026 | N.A. | 0,015 | N.A. | 0,026 |
| | 4-RD | | | | | |
| | 4-LH | | | | | |
| | 5-RD | 0,022 | 0,022 | 0,017 | 0,017 | 0,022 |
| | 5-LH | | | | | |
| | 9-RD | 0,026 | 0,025 | 0,015 | 0,015 | 0,026 |
| | 9-LH | | | | | |
| | 10-RD | 0,022 | 0,021 | 0,016 | 0,016 | 0,022 |
| | 10-LH | | | | | |

1 féach na sainmhínithe ar na próifílí misin i bpointe 2.1 d'Iarscríbhinn I.

2. NA FACHTÓIRÍ COIGEARTAITHE PÁLASTA DÁ dTAGRAÍTEAR I bPOINTE (B) D'AIRTEAGAL 11(2)

Faoi réir phointe (b) d'Airteagal 11(2), chun críocha astaíochtaí tagartha $CO_2$ dá dtagraítear sa dara mír d'Airteagal 1 a ríomh, úsáidfear ualuithe na bpróifílí misin agus na luachanna pálasta is infheidhme don uair sa tréimhse tuairiscithe nuair a thiocfaidh éifeacht leis na hathruithe dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 14(1) le haghaidh gach feithicle nua tromshaothair, agus déanfar astaíochtaí $CO_2$ in g/km feithicle tromshaothair *v* arna gcinneadh le haghaidh próifíl mhisin *mp* dá dtagraítear i dTábla 2 i bpointe 2.1 d'Iarscríbhinn I a choigeartú mar seo a leanas:

$$CO2_{v,mp} = CO2(RP)_{v,mp} \; x \; (\textstyle\sum_r \; s_{r,sg} \; x \; CO2_{\,r,mp}) / (\textstyle\sum_r \; s_{r,sg} \; x \; CO2(RP)_{r,mp})$$

i gcás inarb é,

$\sum_r$.= an tsuim thar gach feithicil ionadaíoch *r* d'fhoghrúpa feithiclí *sg*;

*sg*.= an foghrúpa feithiclí lena mbaineann an fheithicil *v*;

$s_{r,sg.}$ = ualú staidrimh na feithicle ionadaíche *r* i bhfoghrúpa feithiclí *sg;*

$CO2(RP)_{v,mp}$.= astaíochtaí sonracha $CO_2$ na feithicle *v* in g/km, de réir mar a chinntear ar phróifíl mhisin *mp* agus bunaithe ar na sonraí faireacháin le haghaidh na tréimhse tagartha arna dtuairisciú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/956;

$CO2(RP)_{r,mp.}$= astaíochtaí sonracha $CO_2$ na feithicle ionadaíche *r* in g/km, de réir mar a chinntear ar phróifíl mhisin *mp* i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 agus a bhearta cur chun feidhme sa tréimhse tuairiscithe nuair a cinneadh $CO_2(RP)_{v,mp}$;

$CO2_{r,mp}$ = astaíochtaí sonracha $CO_2$ na feithicle ionadaíche *r*, de réir mar a chinntear ar phróifíl mhisin *mp* i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 agus a bhearta cur chun feidhme sa tréimhse tuairiscithe nuair a thiocfaidh éifeacht leis na hathruithe dá dtagraítear in Airteagal 14(2) den Rialachán seo le haghaidh gach feithicle nua tromshaothair.

Déanfar an fheithicil ionadaíoch a shainmhíniú i gcomhréir leis an modheolaíocht dá dtagraítear in Airteagal 14(3) den Rialachán seo**.**